

Biseach

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

GLÓR NA nGAEL



BUAITEOIRÍ 1988/1989
PARÓISTE AN CHNOIC

San Eagrán Seo

Ainmhithe Beaga Seanamhóinín

Strac-shúil i bhFad Siar

Focal ón Moltóir

Filíocht

Coistí an Pharóiste

Pictiúir

EAGARFHOCAL

Is maith an seans go leighfear an iris seo i bhfad ó bhaile; i Meiriceá, i Sasana n. ó go deimhin i gcúinne ar bith den domhan.

Tá na hÉireannaigh siúlach agus ar ndóigh, dár fia, níl aon leisce ar mhuintir Chois Fharraige bailiú leo agus greim a mbéil a shaothrú in aon áit ar dhroim na cruinne.

Ach ní hé greim a mbéil amháin atá ag mealladh daoine ar imirce, mar tá go leor ag fágáil postanna a choinneodh greim 's griscín sa bputóg. Ba leor sin fadó. Ní raibh ag na daoine ach ón láimh go dtí an béal agus ba leor allas na gcnámh ag forsadh le cladach, le talamh agus le portach chun snáth a choinneáil faoin bhfiacail.

Buíochas le Dia agus le go leor daoine, tháinig athrú mór ar an gcaighdeán maireachtála sa gceantar seo le dhá scór bliain agus ní nuaíocht ar bith teach mór breá bheith ag duine, carr nó dhó taobh amuigh den doras, teileafón, teilifís, scoth an troscáin, inneall níocháin, inneall scuaba an urláir, inneall níocháin gréithre agus chuile chineál 'gadget' dár chruthaigh Dia ariamh a bheith faoi dhíon an tí.

Tuilleadh biseach oraibh, adeirimse.

Sin é an caighdeán atá cúplaí óga ag iarraidh agus faraor níl an gnáth pháí in ann íoc as an gcaighdeán sin mura bhfuil tú sásta lán a mhála mhóir a chur faoi do mhuinéal is bheith ag íoc ar ais go dtí lá do bháis.

Sin é an fáth go gcrochann mórchuid a gcuid seolta ar thóir an chaighdeán nach féidir leo bhaint amach sa mbaile.

Níl muid ag cáineadh na himirce, ná is beag an baol orainn. Oscail súl atá san imirce don dream a bhfuil an t-amharc acu; oideachas atá san imirce don dream a bhfuil a acmhainn acu; saibhreas atá san imirce don dream atá sásta é a shaothrú agus é a infheistiú i dteach nó i ngnó éigin tairbheach. Ach is iad díol na trua ná na créatúir nach bhfuil caighdeán leath chomh maith acu i ngarraí na comharsan is a bhí acu sa mbaile ach nach dtugann é sin faoi deara.

Tá sé tábhachtach go ndéanadh gach duine a sheacht míle dícheall chun caighdeán sásúil maireachtála a

bhaint amach ach ní mór dhúinn ar fad a bheith cúramach is gan a bheith ag socrú léim árd don aos óg nach mbeidh siad ábalta a chaitheamh.

B'fhéidir gur dhá chéim ar aghaidh a bheadh i gcéim amháin ar gcúl agus gur dícheilí go minic a bheith leath do shaol ag obair chun an carr a choinneáil taobh amuigh den doras, ag téamh an tí mhóir nó ag íoc as cuid de na hinnill a dhéanadh duine gnáth mhaith dhá uireasa.

'Beatha duine a thoil', deirtear, fad is gur dhá thoil fhéin atá duine ag géilleadh.

Má sé an toradh ar an dul chun cinn ná an t-aos óg a bheith ag dul ar imirce, tá sé in am againn ár gcoinsias a scrúdú arís. Tá sé in am ag Roinn na Gaeltachta a bpolasaí títhíocht sa nGaeltacht a leasú mar níl an sean-pholasaí, dhá fheabhas dhá raibh sé, ag oibriú feasta. Tá sé in am ag Údarás na Gaeltachta tuilleadh forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní nádúrtha atá sa gceantar agus is acmhainn nádúrtha an cultúr atá againn, an ceol atá againn, an teanga a labhramid, an áilleacht atá timpeall orainn, an ghlaineacht aer agus uisce atá againn.

Tá slí mhaireachtáil deas simplí compóirdeach sa gcultúr sin, atá muid a chaitheamh uainn.

B'fhéidir go bhfuil slí mhaireachtáil níos fearr ar an genoc úd thall ach is daor an féirín le ceanacht é más gá aos óg an cheantair seo a dhíol chun blaiseadh dhe.

TÍ MHAC AN RÍ

TRÁDALAÍ PEITREAL, GÁS &RL.
SEIRBHÍS DEASÚ PUNCTURES
AGUS DÍOL BATTERIES
OLA DIESEL DON TEACH
NÓ DON BHÓTHAR

AILLE, INDREABHÁN
FÓN: 93210

Coiste Cultúrtha & Caitheamh Aimsire

Tá an Coiste Cultúrtha agus Caitheamh Aimsire ar an saol le aon bhliain déag anois. Coiste beag gan mórán gleo ná torann a cagraíonn riar mhaith imeachtaí sa bparóiste. Bhí siad sách cruógach le bliain ag déileáil leis na nithe seo a leanas:

Comórtas Filíochta do scoileanna an cheantair:

Bhí an-toradh ar an gcomórtas seo. Bhí suas le dhá chéad iarratas istigh agus ba é breith na moltóirí go raibh an fhilíocht ar árd-chaighdeán. Bhí ócáid bronnta na nduaiseanna a heagraíodh i gColáiste Lurgan ar oíche chomh taitneamhach is a bhí sa gceantar ariamh. Tháinig na daoine óga, a muintir agus a gcuid múinteoirí, léigh na daoine óga a gcuid píosaí filíochta agus ghlac le na gcuid duaiseanna. Ócáid í seo a cagraítear chuile bhliain agus is fiú an tairbhe an trioblóid.

Tinte Cnámh

Bhí oíche tine Sheáin beagnach ligthe i ndearmad ach tá sí thrí lasadh arís ó cuireadh tús le comórtas na dtinte cnámh. Nuair a thagann an oíche go breá a bhíonn sé ina cheol ó cheann ceann an pharóiste

Oícheannta Ceoil

Bhí na cúpla oíche a bhí againn thar cionn agus Coláiste Lurgan lán go doras. Mar a baineadh sásamh as an cabaret, as an gceol, as na hagallaimh beirte agus as na hamhráin castar le daoine é agus ar ndóigh ariamh fós níor lig mná an Choiste na daoine abhaile gan braon breá tae a réiteach.

Filí Albanach

Cuireann an Coiste míle fáilte roimh na filí agus roimh na ceoltoirí as Albain atá ag tabhairt cuairt orainn arís i mbliana. Beidh sé ina cheol go maidin mar a bhíonn i gcónaí.

Glór na nGael

Tá an Coiste i gcomhair le chuile choiste eile sa bpobal ag eagrú mór-ócáid don 21ú Bealtaine nuair a bhronnfaidh Uachtarán na hÉireann príomh-dhuais

Ghlór na nGael ar pharóiste an Chnoic. I dteannta a chéile is fearr muid.

Comhaltas Ceoltóirí Éireann

D'fhás craobh cheolmhar ar chrann an chultúir le bliain anuas agus is iomaí oíche thaitneamhach a thug ceoltoirí an cheantair dhúinn ó bunaíodh an chraobh. Ina thús atá muid le cúnamh Dé.

Baird Chois Fharraige

Is de rútaí an chultúir a d'fhás Baird Chois Fharraige freisin. Ar ndóigh sin iad aos filíocht an cheantair a thagann le chéile go minic ar feadh an áirneáin ag léamh dánta agus filíocht dhá chéile. Fuair na Baird cuireadh go dtí an chúirt idirnáisiúnta filíochta i nGaillimh anuraidh agus bhí tráthnóna deas acu ag léamh a gcuid dánta do shlua breá lucht éisteachta san Ostan Atlanta.

Níl ar an gCoiste ach seiscar.

Joe Steve, Cathaoirleach
Maighréad Ní Chiardha, Rúnaí
Betí Uí Bhaoill, Cisteoir
Bernadette Uí Mhuirí, Brian ÓBaoill agus
Nóra Uí Chualáin

Tá súil againn go mbainfidh tú sásamh as an cagrán is deirceanáí seo de Bhiseach.

P. MAC AN IOMAIRE

Cor na Rón

GRÓSAER

* * * *

Crua Earraí, Ergas

Ainmhithe Beaga Sheanamhóinín



An focal sin "tórramh" bhainfeadh sé stanga asat agus ní mó ná feiliúnach atá an t-amhrán beag ná mór dá bhfuil le scríobh agam; ach tá ceol agus gluaiseacht agus uaim chomh hálainn sin ann agus é cumtha chomh gasta sin gur cheapas go mba trua Mhuire gan an ceathrú a thabhairt in iomlán.

Ach faoi an "torramh" - ní ar dhuine a fuair bás atáim ag caint, cé go rabhtas ar fhaire den chineál sin go minic agus mé óg. An t-am ar choinneachaí an corp sa mbaile agus leagfaí os cionn cláir ansin é, comharsa agus gaol ag tabhairt misnigh dá raibh ualach an bhróin dá gcníogadh agus dá snoí, seanchas ansiúd agus fiannaíocht agus amhráin. Mór idir inné agus inniu! Trócaire Dé ar na mairbh údan agus áras na naomh thall dóibh.

Tórarmh easóige atá fúm labhairt air anseo. Thuas ag garraí Sheáin Chúláin ar bhruach na coille i Seanamhóinín a thug mé chun cruinnis é. Bhíos óg caidéiseach. Seacht nó ocht d'easóga ag siúl go mall, ríghin, ómósach, ceann i ndiaidh an chinn eile. Iad ar an n-airdeall, na cloigne leath-chromtha acu ach go n-éireadh ceann acu anois agus ceann arís - ar a chosa deireadh, a chloigeann i n-áirde aige, é ina sheasamh mar aduras ar a chosa chomh díreach le feac láí. Sheasfadh na heasóga eile in éindí leis, ach nuair nach ligfeadh an ceann-fheadhna síon as, siúd leo ar a dturas ómósach. De réir a chéile ghlan leo as m'amharc thart ar an gclochar seo nó thar an gearraig úd. Cá ndeachaigh siad? Ní feasach mé beo. D'inis mé a bhfacas do m'uncail. "Rud annamh é sin". "Bhí tú" a deir sé "ar thórramh agus ar shochrad easóige. An ceann a bhí cailte ní fhaca tú í sin. 'Sé an chaoi a

Ag tíocht ó theach an tórraimh dom,
A chuir mé eolas ar mo mhian,
Mo chreach agus mo chóir,
Nach sa mbaile a d'fhan mé tinn,
Tá rud éicint ag tíocht trasna orm,
Agus ag fuireacht i lár mo chroí,
Dá mbeadh triúr mar Dhónall Óg agam,
Ní crochfaí stór mo chroí.

raibh sí sin curtha i bprochóg éigint agus siúd a cineál bailithe le ómós na cille a thabhairt di. Scaipeadar 'na dhiaidh sin, chuile cheann 'na chonair agus na bhealach féin. Cumhach agus treoir an bholadh a chuireann ar a theoir an t-ainmhí allta agus a ghníós giollacht dó, mar gurbh é sin an céadfa is cumasaí dá bhfuil aige. Ní taobh leis na seacht nó ocht de easóga a chonaic tusa ag dul siar uait a bhí ar an tórarmh sin. Thangadar aneas agus aniar agus aduaidh freisin boladh a gcineál agus an choirp dá ngríosadh". Bí ag caint ar sheanmóir! Fuaireas í.

Ní fhaca mé an uaigh, ní fhaca sin ná aon duine eile. Rún na n-casóg é sin. Siad a thuig go barainneach brí an tseanfhocail: "Ní scéal rúin é ó chloisfeas triúr é". Éisealacht abair, ach sé an Cruthaitheoir a chum agus a dhealbhaigh mar sin é. Níor tháinig an díogha ariamh óna láimh. Bhí sé fairsing mar easóg sna bólaí ar tógadh mise ann i mbarr Sheanamhóinín. Bhí agus thart i gCois Fharraige sna garrantaí a raibh sceach nó tom nó driseach iontu. Ar an gcúlraí is fearr leis. Draíocht agus diamhrach an chiúinis ag tuineadh leis cúl a thabhairt do ghleo an tsaoil. Cé thógfadh sin air? Dearc go grinn air má tá an ghaoth i d'aghaidh agus tú ar chúl sceiche nó clochair agus déarfair gur mianach luiche atá romhat, luch fhada tanaí, scéiniúil. Cleachtann an péire díobh an léim agus an rith ach is scéiniúla go mór an easóg. Thairis sin tá an díocas cráite sin chun fola inti. Go bhfios dom níl aon ainmhí allta eile thart orainn a bhfuil an dúil mharfach chomh báite sin ann agus atá san easóg. Níl ríochan leis nó léi ag fiach de ló agus d'oíche. Tá sé ráite faoi go n-íosann sé na céadta luch sa mbliain. An fhuil ar ndóigh dá ghriogadh. An coinín bocht réchúiseach

gan urchóid bíonn sé faoi gheasa ag scéin an mharfóra atá ag déanamh ar a mhuineál agus a ghearrfás an píobán ann. Óilbhéas agus niamh ó smut go barr a eireaball é. Thuig a dtáinig romhainn thiar é sin nuair a dúradar faoi dhuine mearghanta gangaideach, (fear ar ndóigh), go mba easóg é, bhaineadh na tréithe céanna le mnaoi, í na báirseach abair, agus tugadh an t-ainm sin uirthi chomh maith. D'fheil sé do dhris chosáin.

Níl goile mór ag easóg, an deoch fola atá dúil a hanama aice. Unsa sa ló, ceathrú cuid a meachán féin, sin é a dhícheall. Bíonn cuain uirthi amach san earrach nó i ndeireadh an tsamhraidh. Ráithe a chaitheann siad sa nead ar a máthair. Siúd amach ansin iad ar a ndúchas. An sionnach, an cat fiáin agus a chineál, an t-olachán freisin agus amplóirí eile ag faire orthu le na gníogadh agus déanann siad sléacht orthu. Níl goir ag an bhfiach ar an neart.

Dubh nó dubh-dhonn an dath atá uirthi agus cóta galánta d'fhionnaidh bháin ó na heireaball aniar fúithi go béal. Dhá orlach go leith a bhfuil de leithead inti. Colainn chaol, cosa gearra a bhfuil fuinneamh agus spreacadh iontu - sin agat í ag gabháil trasna an chasáin uait. Ní chreidfeá go bhfuil suas le leath chéad acra d'ionad foghla aice.

Beainín uasal a thugadh na sean daoine ar an easóg le ómós nó le faitíos. Nach iontach gur fhan sé sa mBéarla sa bhfocal "weasel" sin agat "usal" agus craiceann Béarla air. Ar nós "ród" s'againne agus "road" na nGall. Cen chaoi ar tharla seo? Is dócha nár mhaith leis na Gall-Ghaeil go mbeadh an focal "Lady" ar easóg. Scaoileadh leis an bhfocal uasal 'na chruth Béarla. Cé a déarfadh nach raibh sé feiliúnach ar amannaí?

Ainmhí beag eile a dtugas suntas dó thart ar cholbh thiar na coille, d'fhan sé ón abhainn agus ó chasáin lucht taistil agus iascaire, de mhianach na heasóige é ach gurbh é an crann is áras dó. An iora rua nó an mada crainn atáim ag caint air, fáth mo scéil ba chóir a rá. Chuir mé sonrú ann agus mé óg. Ní raibh giodán den choill an uair úd nach mbíodh sé ann ag srónáil agus ag leimneach ó chraobh go craobh nó ó chrann go crann. Futhrú air i dtóilúm. Ó mhianach na heasóige é ach gurbh é an crann is áras dó. Na céadfaí arís a bhuaic. Tiocfar ar talamh air má tá an ghaoth i d'éadan agus tú go ciúin, socair ar chúl sceiche nó carraig céad slat nó tuilleadh uaidh. Eisean ar a ghogaide, cnó 'na chrúba tosaigh aige agus é ar a

mhine ghéar ag scoilteadh an bhlaois leis an mbia a thátháil leis. Creatúir an bheadaí iad na hainmhithe allta. An eireaball álainn fionnaí rua 'na dhath, go haerach guagach aniar ar a dhroim. Sin mar a bhíonn sé 'na shuí nó ag ligean scíthe dó. Ach bíodh sé thuas ar chrann nó ar ghéagáin uait agus é ins na caoir thinte, tá an driobal sínte siar uaidh á choinneáil ar chúrsa agus ó dhochar mar ghníos seol don bhád. An dath rua dearg sin atá air chaithfeá suntas a thabhairt dó. Éirí croí duit an chaoi a ritheann sé suas ar rúsc na gcrann, a chuid iongaí saite san rúsc aige, an néad b'fhéidir thuas i ngabhal nó i n-ascail thuas os do chionn. Nó breathnaigh síos uait agus tchífir blaoscanna na gcno a scoilt sé tráth ar bhain sé síol agus bia astu. Is iondúil gurb iad an learóg, an dair, an phéine agus an ghúis ghallda na crainte is áin leis mar siad a thaithníonn leis. Scríobann sé an rúsc díobh le dúil san tsú atá taobh istigh di. Cuimhním ar Bhliain an Bhrosna nuair a bhí ganntan tine ar dhaoine cheal móna - ní raibh gual ná aibhléis thart faoi Chois Fharráige san am údán - agus gur gearradh na crainnte a luaigh mé anois beag agus go mbíodh sciortaí móra den chabhail suas orthu feannta, iad gan rúsc gan craiceann. "Longa an mhadra crainn nó scríobadh an iora rua" a thugtaí ar sin.

Troigh ar fhad atá sé ach fág troigh eile ag an eireaball. Oibríonn sé de ló agus d'óiche. Saothraí cumasach nach bhfuil aon leisce 'na chreatlach. An tsúil bheo lasanta údán atá ann, cuir leis sin an boladh atá aige, coinníonn siad sin chomh maith le na chluais ghéar, as láthair a bhasca é. An leaba a bhíonn aige thuas i n-ascail nó i ngéagán crainn tá sé déanta as géagáin bheaga a bhíonn óg so-lúbtha snamtha 'na chéile le fiataíl, tuí agus omóra tirime. Te teolaí go maith do shean agus óg dá chineál. A chéile, cosúil leis ar chuile bhealach, scanraigh í féin agus a clann agus iad óg agus crochfaidh sí leis 'na béal iad go bhfaighfidh sí áit níos cúlráite dóibh. Ráithe nó mar sin go mbeidh siad i riocht soláthar dóibh féin; an dúchas dá saighdeadh agus iad neamhspleách ar choill éicint eile.

Coirceoga ó na crainnte, buairciní den ghúis ghallda, síolta, bláth agus arbhar, orthu sin a mhaireann an t-iora rua. Sé a bhaineann an sásamh as a bheith ag fosaíocht ar a ghoile. Údar aige, mar an bhia a itheann sé sa bhFómhar seasann sé dó sa nGeimhreadh agus le linn aimsir sheaca. Gan neart den bhia cáilltear go leor d'ainmhí beaga allta le fuacht agus ocras agus lagair. Tá údar agus réasún mar sin le saill agus geir agus méathras ar ainmhí an

fhíantais. Amach faoi Fheil' Pádraic feicfear macnas ann mar iora rua agus dúshlán ag fáisceadh as an díochas a rugadh leis. Dá laghad é níl loiceadh ann. Mairfidh sé a sheal gan beann orainn. Má's mochóirí tú buail leat suas sa gcoill sin againne roimh mhaineachan. Tá an nádúr ina dhúiseacht agus gach ní beo ag feitheamh leat. An nádúr ag beannú leat; cuileóg agus beach agus feoch, spidneanta agus chuile chineál éan agus cuileóg. Ainmhí freisin leo san tús an lae.

Corraigh ort a nádúr chaoi,
Agus mínigh dom-sa brí do scéil,
Codladh agus suan a d'fhág tú balbh,
Ach fillfidh draíocht duit le bánú an lae.

Is iomaí sin gaolta ag an iora rua. An iora glas ceann acu, an cat crainn ceann eile, an minc agus an firéad freisin. Is gleoite na hainmhithe uait iad ar chrann nó ar thullaí sléibhe. Mianach an chait iontu uilig agus an t-oilbhéas nimheanta go feirc iontu. Scafántacht 'na cheann sin nach dtuigeann céard is géilleadh ann. Is minic a dúirt m'athair liom gur léim an sionnach, ag teacht aniar as barr Sheanamhóinín dó, an Carra Bhreac dá thrí thruslóg a gabháil ar a théitheadh

anonn go dtí an Choill Bheag. I gcead do na mairbh agus dá gcuid seanchais is minic a cheapas gurbh é an cat crainn a rinne an t-éacht sin mar ba mhinic ar thalamh Mhicil Mhan agus sa Mínín Uisce é ar lorg uan óga. Tugadh tóir air agus siúd leis ar nós an tine ghioláin as amharc duine.

Ní fraochóga amháin atá ar do bhealach suas cois abhann amach go dtí an eas nó barr na coille. Ní i ngan fhios a chuaigh tú ann ach oiread. An broсна so-bhriste féin a phléasc faoi do bhróga chuala an maora uisce é agus fuair fógra do theacht ón mboladh cumasach a bhronn Dia air. Sin nó chonaic sé uaidh thú as an bpoll atá mar nead aige ar bhrúach na habhann faoi bhun clochair. Tá sé trí scór bliain anois ó thug mise saoirse sna conair sin ach meabhraím go gasta fós a bhfacas san am úd, "cuimhne sean-linbh" ar ndóigh agus tá na chúig nead údán a bhí ag an madra uisce ón gcara beag nó áill na graí suas go heas go follasach romham. Ciúnas atá ón madra uisce i bhfád ó thorann agus ó chlampar. Sin é an t-údár go dtaitheann sé na locha, na haibhne agus na srutháin féin atá ar an gcúlraí. Má tá sceach nó tomacha thart orthu sé a bhfuil uaidh é. Iasc an bia is iondúla leis a ithe. Tig leis an bia sin a fháil réidh go leor mar gur snámhaí den chéad scoth é. Bua eile atá aige nach

An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar iontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthaí airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompair timpeall leat.

Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.



Banc na hÉireann
An banc le do linn

gcuireann uisce faoi nó in uachtar air isteach beag na mór ar a amharc.

B'fhiú duit súil a leagan air thuas ag an nead a bhíodh aige ar chobha thíos linn na mbradán. Buailleadh dúil sa mbia é nó spadhar fola agus siúd as d'amharc é go ceann chúig nóiméad ag smúrtháil roimhe go gcuirfidh sé fiacail i n-iasc éigint a mhaolóchas a ghoile dó. Aníos leis ansin go suífidh sé síos ar an gcloch mhór údan ag ceann thoir na linne, a dhá chrúib tosaíthe i ngreim 'na bhéile agus é ag baint sásamh a mhianaigh as. Ach leagadh sé súil ort nó faigheadh sé do bholadh nó cloiseadh sé do thorann, siúd leis arís faoi uisce agus bradán nó liathán iomlán bunáite agat-sa de bharr do chaidéis. "Is fánach an áit a bhfaighfeá gliomach" mar a dúirt an sean-fhocal. Ach ná ceap gur iasc amháin a shásaíonn an goile sin aige. Is iomaí sin iasca fhiáin nó éanlaith eile a thaithníonn leis nó ainmhithe eile ar nós francaí agus luchain, nó coiníní a théann 'na bhéadail mar níl éiscealach ag roinnt le goin ocrais. Ná ceap ach oiread nach dtéann an madra uisce ar thalamh tirim; téann cheana siar go Loch Nuala abair nó soir go Loch na gCaorán Dubh. Tuige seo? Cá bhfios nach bhfuil a chéad searc ag feitheamh leis. An boladh arís an treo, sin agus síon nuair atá sé ar ghort an bhaile. Tuigeann Tadhg Taidhgín! Ná ní gníonn an nádúr bréag. Gabh tríd an gcoill amach san oíche mar a rinne mise agus mé óg. Tar ar scoil anois. Thart ort an dúlra faoi dhraíocht. Gealach nó réalta ann nó as, báisteach nó aiteal gaath láidir nó cúineas sochma níl tú leat féin. Sin scairt ón gcuileóg amach uait, an spidneanta ag snámh ó do chosa, an luascán agus scéin ann ag teannadh uait, gíog ón éan a bhfuil an codladh amú air ag bagairt ort go bhfuil an gearcadh beag a bhfuil an gor dá cheilt air agus é gríogtha ag ciotaoil do chuid sál. An suan aduain sin atá thart ort, é uasal diamharach. Náire duit teacht an bealach seo in am mharbhúlach na hoíche. Fairigh go maidin agus coróchaí an choill seo ó chriathrach go habhainn soir, le ceol, le scread, le síon, le gráig, le tafann, le grúsacht, le damhsa abair - bhí sin ann; damhsa na gcoiníní, cloisfear an spideóg ag casadh an tsúgáin nó ag seinm ar an gcláirsí ar a bhealach amach thar na néallta. Bainfidh scréach íogmhar na gcor éisc stanga agus cor asat. Níor mhór dom bua filíochta Choilm Cille lena dtarlaíonn i ríocht na n-ainmhithe agus na n-éan amach san oíche a chur ar phár. Oideachais agus scoil agus eolas ansiúd agat ach do chluasa a bhiorrú agus a mhaolú agus d'intinn a ghéarú.

An madra uisce ag gabháil trasna easca criathraí a chuir as ord mo chuid smaointe. Báirne nó sliogáin nó neadracha éan a choincoidh beo é ó d'fhág sé an sean nead go bhfaighfidh sé áras nua. Soláthraí den scoth é. Ní maith leis an ganntan agus ar nós ainmhithe allta eile tá críocha fairsinge faoi. Tchím uaim é ar a bharrannaí, na súile crochta friochanta, an fhéasóg nó na ribeacha tiubha sin timpeall a smuit ag corrú, á chur ar an airdeall, é ar a ghogaide, an eireaball fada siar as an muinéal chomh geal le sneachta. Ní feasach mé an fada nó gearr a shaol cé go gceaptar gur cúigiú cuid d'aois an duine é. Is maith leis a bheith ag súgradh lena chineál féin. Is iomaí cóta galánta a déantar as an bhfionnach uasal saibhir a bhíonn air. Sin é go bhfuil lucht an tsaibhris agus iad siúd a bhfuil a gcuid maoinne i saothrú iasc ar thóir a chuid fola.

Ní mhaithfí dom gan labhairt ar an mbroc. Is dócha nach bhfuil ainmhí allta ar bith eile i gCois Fharraige, ná in Éirinn má théann sé chuige sin, a bhfuil an oiread sin seanchais ag rith leis agus atá leis an mbroc céanna. Chloisfinn rann a bhíodh i mbéal gasúr agus mé féin ar chomh-aois leo "an broc beag agus an broc mór, an broc mór agus an broc óg agus an broc críonna, an sean-bhroc, an leath-bhroc agus an broicín beag bídeach". Chualas trácht freisin ar an mbroc madaí, an broc muice agus an broc caora. Ná ceaptar mar sin go mba strainscéara a bhí ann suas an baile s'againne áit a raibh coill, criathrach ar a colbha, abha ag gabháil tríthí, áras inti don té a bhí óg aerach don tsean duine a raibh suaimeheas a chuid smaointe uaidh féin amháin. An broc bhí sé ansiúd ar a tháirm. Ní dhéanfadh sé teanntas ort. Bí ar an gcuma chéanna leis. É coimhthíoch, ag smúrthacht roimhe, ceannána 'na bhealach féin ach 'na dhiaidh sin ní chuirfeadh sé araoid ort gídh go seasfadh sé ag breathnú ort doicheallach go maith má tháinig sé ort i nganfios.

Beithíoch torthúil é suas le trí thriogh ar fhaid agus troigh ar leithead. Meachán maith ann, leathchéad agus le cois. Níl sé chomh fada leis an madra uisce ná chomh scafánta. Ná níl an greann agus an sult agus an macnas ag baint dó ná an chabaireacht ach oiread a bhaineann leis an madra uisce nuair atá sé le na chineál féin ar a shuaimeheas. Ach ansin is ainmhí oíche eisean. Tá an lá agus an oíche faoin mbroc. An déanamh atá air, leag súil air agus go deo deo ní dhéanfaí dearmad air - an cloigeann fada úd, na cluasa beaga, bioracha, fionnadh bán ar a bhaithis ó

chinn a mhuinéal anuas go smut agus dhá stríoc bhána eile ó bhun an smuit siar ó dheas dá chuid súile an t-achar céanna. Fionnadh fada glas an chuid eile dá fheistis nó dá chóta. Agus na hiongaí, níor tháinig ariamh ón ngabha céarta níos géire. An fad agus an gob atá orthu, breathnaigh ar na crainnte daraí nó eile thuas údan agus feicfidh tú féin an scríobadh an ghníos sé leo agus é á ngéarú. Agus na crúba atá air, déanadh sé ort leo agus siúd ar shlat do dhroma thú má chuir tú araoid air. Téagar agus spreacadh táid ann. Rúsc nó craiceann na gcrann is láidre níl stró air iad a fheannadh. Na casáin a thaithíonn sé, coinníonn sé orthu agus feicfear lorg a chrúba breacaithe iontu, iad buailte go cruinn. Ní thaithníonn salachar ná lathach ar a chrúba leis. Coinnigh súil air má ta tú thart agus seasfaidh sé ag bun crainn go scríobadh sé lena chuid iongaí a bhfuil de dhrifisc greamaithe de sul a sroichfidh sé an bhrocach. Ní áibhéil ainmhí glan éisealach a thabhairt air. An bhrocach nó an áit chónaí a bhíonn aige - ní fhéadfá a rá go bhfuil sé salach ná neamh-airdealach. Féach uait é: raitheach, tuí, fiatail agus bileoga tirime idir a chrúba aige, beartán beag, ábhar leapan. 'Sé an chaoi a gcúlaíonn sé siar agus isteach 'na scailp leis an ngabháil seo. Agus ní uair nó dhó a ghníonn sé an cleas seo ach go mion minic. Brocach mhór fairsing a bhíonn aige, roinnte 'na stórtha isteach ó na béal síos stór nó dhó agus fairsing inti sna casáin atá ag dul ó sheomra go seomra mar cuimhnigh go mbíonn idir fiche agus leath-chéad broc 'na gcónaí anseo. Táim ag smaoinéamh ar allta freisin. B'fhéidir go mbeadh suas le seacht mbéal nó oscailt ar bhrocach fairsing. Cartar amach as na poill sin a gcuireann isteach ar shaol agus ar ghlaineacht broic agus meabhraigh i dtolamh go bhfuil sé siúd ar a thairm ag cartadh. Ar bhfaca tú cuasnóg foiche ariamh? Is iondúil gur ag bun crainn a bhíonn sí. Dath liath uirthi agus díon crua láidir ag na fóicheanna le iad a choinneáil go gcaithfear an geimhreadh. Ní i ngan fhios don bhroc a bhéas sí ann ná cuasnóg beach ach oiread. An poll beag atá ag an bhfoiche le dul isteach nó amach siúd le na hionga mór fada téann isteach ann, agus é ag súgha na meala ar a sháimhín só. Ná ní cuirtear gath ann. Ní furasta an beo a shroicheadh ina chraiceann siúd. Teanga mhilis air. Íosfann sé arbhar, ciaróg, coiníní óga, éanacha beaga gídh go ndearna sé ar phúirín géabha i Seanamhóinín trátha agus abair go ndearna slad. Maraíonn sé uain laga óga freisin - sin é an t-údar broc caorach nó broc madra a thabhairt air. An sean-bhroc láidir fireann a ghníos na gníomha seo. An broc mór fireann a ghníos tochailte agus cartadh taobh istigh agus taobh amuigh den bhrocach mhór,

sin é an broc muice agat. Chualamar go dtéann an gaol go fuil ach go bhfuaraíonn an cleamhnas. Is ón bhféith atá sa mbroc a thagann an boladh a bhronnann sé ar bhroc eile sa gcaoi gur d'aon teaghlach amháin anois iad. Na céadfaí corportha táid go miorúilteach ag éan agus ag ainmhí allta. An boladh san ainmhí agus an tsúil san éan - bheirim an barr agus an chraobh dóibh sin ach tá bua na héisteachta acu freisin, is beag nach gcloisfeadh cuid acu an fear ag fás.

D'éirigh liom agus mé óg aerach caidéiseach cuid de shaol na coille a aimsiú agus a thártháil dom féin aniar aniar na blianta. Breacaim a bhfuil ar phár anseo agam le cumha i ndiaidh na hóige agus buíoch gur tógadh mé ar imeall coille. Bhí an t-ádh liom go raibh seanfhondúirí géarchúiseacha thart orm an uair úd a chuir comhairle orm agus mé breabhsach aerach agus gann i gcéill. Go gcúitú Dia leo é. Airím anois iad do mo ghriogadh, do mo ghríosadh agus do mo sháighdeadh san teanga as ar fáisceadh mé. Má bhaineas taithneamh as an ríomhas anseo, níl ann ach cómhra gairid le mo bhunadh faoi shaol dhiamharach na coille agus sinn le chéile thuas ag an gcathair Ghriobháin siar ón Dáir Mhór. Saoraíocht a bhí 'na gcomhra siúd nár ríomhadh fós agus nár fágadh ar phár. "Céad slán don oíche aréir, sé mo léan nach é anocht a tús".

Focal nó dhó ar ainmhí beag eile ní ualach orainn smaoinéamh nó dhó a ligean leis. "Is dual deireadh don díogras" atá ann agam-sa agus mé ag scríobh ar an ngráinneóg. Déanta na fírinne ní mheasaim go mbacfaínn le beag ná mór mura mbeadh go bhfaca mé ceann dá chineál i ngáirdín i mBaile Átha Cliath le gairid. Agus ní áibhéal a rá go raibh na garráin suas ón gcladach agus thart ar an gcoill againne foiricthe leo. Iad inár measc leis na haoiseanna. An droim deilgneach atá air gafa i gcion ar óg agus ar aosta agus cumadh scéalta faoi a d'fhan sa mbéaloidas go dtí le gairid.

Im sheanghasúr a bhíos i gcuideachta mo uncail, Seán Mhurcha, nuair a leagas súil air an chéad lá ariamh. I nganfios a tháinig muid air. Leis an scéin a bhuail é tháinig colg air. Sheas sé go dúshlánach agus chlúdaigh fré chéile le deilgne fada. Chuile ribe gruaige air 'na dhealg cheapas, cé go bhfuil fionnadh ar a bhaithis siar go muinéal. Súile friochanta ann agus crúba géara air. Cumhacht an bholadh atá aige a chuireann ar an airdeall é. Dúradh faoi go ndiúlfaidh sé bó nó sean-ghabhar nó sean-chaora. Itheann sé

uibheacha as nead, seilmidí freisin, cruimheacha cabáiste agus ciaróga. Tá sé i riocht an garraí a ghlanadh duit. San oíche a thagann díocas oibre air. É siúlach. Suan fada aige sa ngeimhreadh. Níos an bhroic agus ainmhithe allta cile cuireann sé an fuacht dhe agus thairis de bharr an mhéathrais a tháinig air le bia an fhómhair. Sa nead ar a hál di fuirigh i bhfad uaithi nó mhárodh sí a clann le corp feirge agus le gráin ar do chuid caidéise. Ní saol fada atá aice. An iomarca muiníne, b'fhéidir, aice as a cuid deilgní ar bhóthar agus ar chasán. Má thagann carr an bealach déantar smionagar di. Níl acmhainn mhór fuaight aice ach oiread i n-aimsir sheaca. Caith súil thart in aice sconsa nó carraige agus tchífir an poll eadomhain a bhfuil sí ag codladh ann go teacht na huairé bhreá. An poll sin clúdaithe le ualach maith duilleoga tirime. Má thagann aimsir sheaca a sheasann tamall fada cailltear na mílte gráinneoga.

Scríobhaim na focla seo ag iarraidh cuid den lá inné a thabhairt ar ais, mé buíoch gur tógadh cois abhann agus ar cholbha coille mé. An tsúil siar seo ar chúpla ainmhí allta - tá go leor eile ann - cuireann sé bís na hóige ag corrú ionam athuair thuas ar an uaigneas úd a raibh draíocht agus geasa ag rith leis. Cómhrá na sean a mbeinn 'na gcuideachta ar amanna, saíocht a bhí ann nár ríomhadh ariamh ar phár. Más rud aduain aisteach é an t-uaigneas cén fáth ar thaobhaigh naoimh agus filí leis ar fhód na hÉireann agus thar lear? Níl búir ná síon ná fead nach bhfuil láimh an Chruthaitheora le tabhairt chun cruinnis iontu. Buíoch, beannachtach atáim gur múnlaíodh i m'óige mé ó Ghleann an Fhia aniar go hÁill na Graigh, tafann sionnaigh mo chluasa agus an dúlra chuile thaobh díom do mo tharraingt chuig Rí na nDúl. Anois a fheicim an tairbhe a bhí agus atá in uaigneas coille.

An tAthair Máirtín Ó Loideáin O.C.D.



De Valera ar an Lochán Beag.

CLUB ÓIGE LURGAN



Club Óige Lurgan ar chuairt ar Bhrú na Bóinne

An Club Féin

Tá os cionn 150 ball idir 12 agus 19 mbliana d'aois, idir bhuachaillí agus chailíní, sa chlub faoi láthair. Tagaimid le chéile i gColáiste Lurgan chuile oíche Dé hAoine ó Mheán Fómhair go Bealtaine, óna hocht a chlog go dtí a deich. Bíonn go leor le déanamh le linn an dá uair a chloig sin.... leadóg bhoird, snúcar, meascán de pheil agus socar taobh istigh, táiplis, ficheall, cúrsaí cócaireachta agus ealaíne, cleachtadh drámaíochta agus, ar ndóigh, ceol, caint agus comhrá.

An Coiste

Is iad seo a leanas atá ar an gcoiste don bhliain 1988/89:

Cathaoirleach: Mícheál Ó Fátharta; Rúnaí: Ríonach

Ní Scolaí; Cisteoir: Máirín Ní Choistealbha; Leas-Chathaoirleach: Christine Ní Chonchubhair; Oifigigh Ghaeilge: Róisín Ní Loingsigh agus Siorcha Ní Scolaí; Baill: Seán Ó Coistealbha, Barra Ó Coistealbha, Uilic Ó Cualáin, Ruairc Ó Tuairisg.

Comhairleorí Fásta

Tá an club óige fíor-bhuíoch do na Comhairleorí Fásta as ucht na cabhrach uilig a thug siad i rith na mblianta. Tá fhios againn nach mbeadh an club in ann maireachtáil gan a gcomhoibriú.

Is iad na Comhairleorí Fásta atá ag an gclub:

Brian agus Betí Uí Bhaoill, Rós Bean Uí Dhonncha, Siobhán Bn Uí Chonghaile & Ruaidhrí Ó Tuairisg.

Ógras

Is é Ógras óg-eagras Chonradh na Gaeilge. Tá sé mar phríomh-aidhm aige an Ghaeilge a chur chun cinn. Déantar é seo trí gasraí nó ógchlubanna a bhunú ar fud na tíre nó clubanna a spreagadh le clárú leo. Reachtaíleann siad imcachtaí ar scála náisiúnta mar: Oilimpeacha Ógras, An Chomhdháil Bhliantúil agus an Campa Samhraidh. Bíonn deireadh seachtaine speisialta acu do na gasraí le linn an Oireachtais chomh maith. Bíonn Club Lurgan lánpháirteach sna himeachtaí seo uilig.

Dráma

I mbliana, don chéad uair, tá Comhchoiste Chlubanna Chonamara ag reachtáil comórtas drámaíochta agus tá muid ag cleachtadh go dian. Beidh an comórtas ar siúl ar an 10ú Márta agus tá súil againn go mbeidh muid réidh. Is iad atá sa dráma ná: Pádraig Ó Conghaile, Conal de Cléir, Mairéad Ní Chonghaile, Yolanda Ní Riada, Máirín Ní Choistealbha, Ríonach Ní Scolaí, Siorcha Ní Scolaí, Christine Ní Chonchubhair, Deirdre Ní Mhainnín, Róisín Ní Loingsigh. Tá Niamh Ní Loingsigh i mbun fuaime.

Comórtas Údarás na Gaeltachta

Le cúpla bliain anuas tá Club Óige Lurgan ag glacadh páirt lán ghníomhach sa chomórtas scoraíochta idir Clubanna Gaelacha. Anuraidh, d'éirigh leis an gclub an ceannchomórtas i Ráth Cairn a shroicheadh agus cé nár éirigh linn an chéad nó an dara áit a bhaint amach,

ghnóthaigh muid roinnt duaiseanna as aisteoireacht agus as ceoltóireacht. Tá súil againn bheith páirteach arís i mbliana.

Béal Feirste

Tá ceangal láidir idir Gasra Lurgan agus déagóirí Bhaile Andarsain ón uair a chas seachtar ó Ghasra Lurgan ar sheachtar ó Bhaile Andarsain mar chuid de scéim Co-operation North. Go dtí seo chaith an dá ghrúpa cheithre deireadh seachtainí lena chéile ag foghlaim faoi shaol na ndéagóirí ar an taobh eile den teorainn.

Caidreamh leis na Gaeltachtaí Eile

Ní hamháin go mbíonn caidreamh againn le ógchlubanna anseo i nGaeltacht Chonamara ach bímid ag casadh le ógchlubanna as Gaeltachtaí i gCiarraí, i gCorcaigh, i dTír Chonaill agus i gContae na Mí.


Bíonn caidreamh againn leis na hógchlubanna seo i rith na bliana agus is iomaí dlúthchara atá againn sna Gaeltachtaí eile.

An Ghacilge sa Chlub

Tá an Ghaeilge fós chun tosaigh sa chlub óige agus déantar é seo trí imeachtaí uilig an club a reachtáil trí Ghacilge. Tá Oifigeach Gacilge againn agus tá dualgas ar an oifigeach seo gach is féidir a dhéanamh leis an Ghacilge a chothú in imeachtaí an chlub. Ar ndóigh, bíonn baint againn ó am go chéile le cagraíochtaí Gaelacha ar nós Glór na nGael, Údarás na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge agus, go hanmhinic le Ógras. Tá súil againn go leanfar leis an bpolasaí seo ar feadh i bhfad.

Cristina Ní Chonchubhair
Maighréad Ní Chonghaile
Ríonach Ní Scoláí

Comharchumann Shailearna Teo.



Fód Glas Teo.



Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 93107.

**Híreáil Innealra, Scéimeanna Uisce, Réiteach Suíomhanna
Baint Mhóna agus rl.**

Glaogh orainn nó buail isteach chugainn, beidh fáilte romhat.

**Oifig oscailte, trasna ó Ghairmscoil Cholm Cille, chúig lá na
seachtaine 9.00 a.m. — 5.00 p.m.**

Bua Stairiúil do Chailíní Chois Fharraige

Rinne foireann Camógaíochta Chois Fharraige éacht i mí Mheán Fómhair seo caite nuair a bhuaigh siad Cluiche Ceannais an Chontae (Grád Sóisireach B) don chéad uair. Chloígh siad cailíní Liatroma an lá sin thoir i dTurloch Mór leis an scór 6-3 in aghaidh 0-1.


Ní raibh an sliotar ach istigh nuair a chuaigh Liatroim ar an ionsaí. Bhí roinnt seansanna maithe acu ach bhí Martina Ní Ghabháin iontach sa chúl do Chois Fharraige agus fuair sí an-chosaint ó Mhóirín Nic Fhlannchadha, an captaen, Clár Ní Chonghaile, Jackie Ní Fhlaithearta agus Áine Máire Ní Neachtain. Lean an brú seo ó Liatroim ar feadh deich nóiméad ach sa tréimhse sin níor scóráil siad ach cúilín amháin.

De réir a chéile fuair cailíní chois Fharraige an lámh in uachtar i lár na páirce. Chuir Julie Ní Mhárta, Aoife Ní Mhuirí agus Jude Ní Loideáin an sliotar chuig na tosaithe agus thosaigh siadsan ag tógáil na scóranna. Ghnóthaigh Carol Ní Chonchubhair, Bríd Ní Fhinneadha agus Máire Ní Chonchubhair cúl an duine agus d'aimsigh Aoife Ní Mhuirí cúilín álainn ó bhuille saor tríocha slat. Ag leath-ama bhí foireann Chois Fharraige chun tosaigh leis an scór 3-1 in aghaidh 0-1.

Lean cailíní an iarthair den dea-obair sa dara leath. Bhí an-chomhoibriú idir na tosaithe agus chuir Carol Ní Chonchubhair (2-0), Máire Ní Chonchubhair (0-1) agus Bríd Ní Fhinneadha (1-1) tuilleadh scóranna ar an gclár roimh dheireadh an chluiche. Fuair siad an-chúnamh ó Fhionnuala Ní Chonchubhair a thug antaispeántas d'imirt ar an talamh.

Tháinig triúr isteach mar ionadaithe an lá sin agus chuir siad go mór leis an iarracht. Ba iad sin Caitlín Ní Chualáin, Máire Ní Réamoinn agus Siobhán Ní Neachtain. D'aontaigh chuile dhuine gurbh i Julie Ní Mhárta an t-imreoir ab fhearr a d'imir ar an lá.

Bhronn Uachtarán Chumann Camógaíochta na Gaillimhe, Frank O'Grady, an corn agus na boinn ar na himreoirí ag Dinnéar Ceiliúrtha in Ostán na Páirce ar an 11.2.1989. Dúirt sé go mbeadh foireann Chois Fharraige ag imirt sa nGrád Sóisireach A an bhliain seo chugainn agus go bhféadfaidís an corn sin a bhaint amach freisin má choinníonn an fhoireann le chéile.



Taobh amuigh go Tigh Mhatt ar an Teach Mór a togadh an pictiúr seo i 1939

Srac-Shúil i bhFad Soir

Ar nós mílte beaga faithne ar bhrat roicneach cruiteach nó mar a bheadh screamhógaí dóite ar dhroim míl móir agus lagáin bheaga fhoscúla, nár thaobhaigh an aicíd ghránna fós iad, spréite fada fairsing thall is abhus, a bhreathnaigh an tír fúinn ó d'fhág muid Muir na Seapáine agus cósta thoir Chóiré in ár ndiaidh. B'fhéidir gurbh í an aistiúlacht a bhí ar an gcuid is mó againn nach raibh an t-achar seo ó bhaile ariamh cheana nó a mba é an chéad uair againn é ar an taobh seo den domhan ba mhó ba chiontsiocair leis na hiontaisí a bhí faoi smacht na samhlaíochta le tamall a bheith gaibhte chomh-mór in aimhréidh faoi seo ag tabhairt aghaidh ar an domhan thoir ach gur anoir a bhí muid ag teacht chomh fada leis an áit sin anois! Is glas iad na cnoic ach

Níor ghlas aon cheo dhá raibh le tabhairt faoi deara amach thré fhuinneog na haerloinge ón nóiméad ar fhág muid Aerfort Zurich agus bhailigh muid ó thuaidh gur bhuaile muid tír agus talamh trí huairé fíchead ina dhiaidh sin i bpríomh-chathair na Seapáine ná mórán an uair sin fhéin. Ach ní hé sin an fáth nach raibh a dhíol fhéin iontais agus mórtais ag roinnt lena leithéide d'aistir aeir; nár mhór an áilleacht agus an bualadh croí ag scuabadh thar an Mol Thuaidh agus é chomh glan soiléir leis an gcriostal deich míle go leith meadar fút agus cén bhrí ach cósta Cheanada agus sléibhte Alaska sula ligfí an chéad scíth in Anchorage sula ngabhfaí ar an gcéad ruaig eile siar go Tokyo. Sea, siar, ní raibh ann ach tús mearbhala agus an mheascáin mearaí.

Níl i gceist agam a thabhairt ach spléachadh beag gairid anseo den chultúr aduain coimhthíoch a bhfaca mé cuid dhe sa tréimhse gairid a chaith mé i Seoul agus i measc beagán de mhuintir Chóiré Theas le linn na gCluichí Oilimpeacha sa bhFómhar seo caite. Tá an oiread le rá, gacha le caoi len' inseacht go líonfadh sé leabhra le aithne bheag cheart a chur ar aon chuid den chine uasal mhánla seo. Tá an oiread sin éagsúlacht comparáide leis an saol a bhfuil muid anseo éirithe aníos leis nach mbeadh 'fhios ad' cá mb'fhearr dhuit tosaí. Níor dhochar a lua i dtosach báire gur fíor-bheagán cosúlachta atá ag mórán dhá gcuid bealaí le córais an iarthair.

B'ar shála mo chéad chuairte ariamh ar Ghaedhaltachd na hAlban i dtús an Fhómhair a casadh an deis iontach

eile seo i mo bhealach. Ruaig nach bhféadfaí dearmad a dhéanamh uirthi inti fhéin a bhí sa gcuairt thaitneamhach ar Ghaeil na hAlban. Seans go raibh an dá thuras acu buille ró-ghar dhá chéile agus gur dhá bharr sin is mó a bhí mé ar thóir comparáidí Ceilteacha na laethantaí beaga tosaigh dhom sa tír nua Oilimpeach. Ba ghearr é, mar déanta na fírinne ba rí-bheag a raibh de chosúlachtaí ann. Ar éigin a thabharfadh roinnt áithrid a bhfuil fíor-acmhainn riaradh agus eagrúcháin iontu mórán aird ar chuid den scéal seo mar níl sárú na gCóiriach mar lucht eagraithe feicthe fós agamsa ar aon nós. An mianach Seapánach atá iontu, creidim, an t-údar is mó leis seo. Bhí an chéad léargas dhó le tabhairt faoi deara ag na haerfoirt i dTokyo agus i Seoul; cé go raibh rabhadh tugtha ag údarais na tíre go mbeadh an tslandáil ba ghéire agus ba mhó ariamh i bhfeidhm acu i gcaitheamh thréimhse na gcluichí, ní raibh forú ná fuile-faile d'aon tsaghas le n-aithneachtáil ag aon am bhí dáréag ar dualgas san áit a mbeadh beirt ar garda sa mbaile, tríur nó ceathrar ag stiúradh na bpaisinéirí ar na mílte bus a bhí curtha ar fáil go speisialta i gcaitheamh na hócáide, duine ar a laghad ag deasc ar aon phíos de chuile urlár sna hóstáin fré chéile agus an pobal i gcoitinne sa sfór-airdeall féachaint le cóir agus comaoín a chur ar a gcuid cuairteoirí ar feadh an achair.

Ag aerfort Kimpo i Seoul, mar shampla, ní raibh aon bhrú-brú ná deacrachtaí ar bith nach raibh réitithe gan mórán ar bith moille. Bhí siad feistithe go maith ansiúd freisin le haghaidh aon deacrachtaí teangan. Ní raibh cailleadh ar bith orthu i bhfurmhór na n-ionad ina raibh na cluichí agus imeachtaí Oilimpeach ar bun ach an oiread tugadh chúig mhíle de mhuintir Chóiré a bhí ar imirce in áiteachaí éagsúla ar fud an domhain abhaile le cúnamh a thabhairt ag déileáil le fadhbanna cumarsáide. Ba ghearr le dul an méid sin, mar sin fhéin, mar a fuair cuid againn, ar aon nós, amach go luath nuair a dhealaigh muid ó na príomh-áiteacha agus a d'fhéach muid lena srón a chur romhainn. Fíor-bheagán eolais ar Bhéarla nó ar theangacha Eorpacha atá ag a mbunáite. Agus ní milleán orthu-san, ach oiread le haon dream eile, a cheapadh gurbh iad fhéin atá i gceartlár an domhain. Sin é an fáth a raibh sé ag dul ó mheabhair glan orthu, is cosúil, nach raibh mogal dhá dteanga-san ag daoine eile ... chreid cuid acu, fiú, gur le teann leisce nach

mbeadh an oiread Koreana ag duine is a dhéanfadh tamall cómhraí dhó, ba chuma cé mhéid teanga eile a bhí tú in ann a labhairt!

Ina dhiaidh sin is uile, ní raibh cuimhne acu loiceadh ar na súailcí iontacha cairdeasa agus soilíosa atá ag baint leo. An chéad thráthnóna agus fóidín mearaí orm th'réis a theacht amach as príomh-stáid na gcluichí bhuaile mé bleid ar bheirt óigfhear foighint a mbeidhís in ann mé a threorú go dtí an áit cheart a bhfaighfinn an "tube" abhaile. Bhí paisteáil mhaithe-go-leor Béarla acu a mh'anam agus seacht gcroí a bhí acu deis a fháil le í a úsáid. Micléinn a bhí iontu a bhí ag déanamh staidéir speisialta ar leagan eicínt den Bhíobla. Siad an chéad chuid iad a casadh orm a bhí leáite, bailithe, ar chúrsaí creidimh - bhí "soiscéalaithe" chomh-fairsing le fataí beaga ann chuile lá ina dhiaidh sin - agus bheidís fhéin ag dul thar lear ar na misiúin chomh luath is bheadh a gcuid dindiúirí bainte amach acu, adúradar. Ba ghearr isteach i mo chloigeann a bhí cuid de na teoiricí áirithe a bhí acu ag dul ach, nár laga Dia iad, ní hé amháin go ndeachaigh siad ar an traein le mé a chur ar an mbealach ceart abhaile ach nuair a bhí muid beagnach ag ceann scríbe a mhínigh siad dhom nach mba treampán ar bith orthu os cionn leathuaire le cois a bheith caite acu ag dul timpeall an dá chaorán déag ó tharla go mba é an bealach eile ar fad ba chóra dhóibh fhéin a thóigeáil i dtosach!

Ní raibh ollmhargadh ná siopa ceoil nár shiúil mé istigh i lár an bhaile mhóir lá eile ag cuartú cúpla téip ghlan a theastaigh uaim le roinnt taifeadadh a dhéanamh. Ach ba é an cás céanna é i chuile shiopa acu; ní raibh téip ná cáisíeadh cheoil dár foilsíodh taobh thoir de Hong Kong ná ó Mheiriceá aniar ná mangaraethe go leor eile nach raibh tarraingthe anuas i chuile cheann amháin acu go dtí faoi dheireadh gur thug Dia dhom na cáisíeíd fhollamha a bhí uaim a thabhairt faoi deara ar sheilf íochtair siopa acu!

B'fhánach ort, mar a bhí mé ag rá ar ball, a bheith ag cuartú treoracha i mórán áit ar bith ar fud Seoul seachas i gceartlár na bpríomh-ionad Oilimpeach, ná fiú iontu sin fhéin scaití. Céard deir tú leis an bhfear tacsáí áirithe seo a thug chomh fada leis an áit a raibh an charaíocht ar bun ann mé lá a raibh mé ag iarraidh ag dul ag breathnú ar chúpla troid dornála agus mé ag coimhlint go maith le am. Cén dochar ach é mínithe go maith ag fear teangan roimh ré dhó cá raibh mo chrúóg do mo thabhairt. Ba mheasa ná sin é nuair a bhailigh sé amach díreach le hais áit na dornálaíochta!

Aird na muice fhéin ní thabharfadh sé orm 's mé ag iarraidh air mé a scaoileadh amach ach é ag raiseáil chuile shórt ráiméise agus comharthaíochta a mba é an t-adhmad ab'fhearr a bhí le baint as gurbh aige fhéin agus ag chuile tacsáí eile a casadh air faoi bhealach, ab'fhearr 'fhios agus gur mise nár thuig! B'éard a chuir in aer ar fad mé go raibh ceann de na troideanna, a d'fheil dhom a fheiceáil, thart faoin am ar éirigh leis an gcéad tacsáí eile a casadh an bealach, agus a thuig an focal "boxing" ar a laghad ar bith, mé a bheith iompraithe ar ais na cúpla míle bealaigh aríst le taobh an chró dornála. Ach ní raibh neart air - is iomaí tuairisceoir eile a bhí sa mbád céanna liom - ná dheamhan neart ar bhealach a bhí ag diabhal bocht an chéad tacsáí air ach an oiread mar caintigh ar a bheith ag imeacht ina chuaifeach ... bheadh fuilleach ama le spáráil ar an gcéad dul síos mar gheall ar an gcaoi ar ghearr sé é marach nár thuig muid fhéin a chéile. Is amhlaidh do bhunáite mór na dtacsaithe. Cén bhrí is gan leithead cairr ach ar éigin sna spásanna nó sna lánnaí atá leagtha amach don trácht ar bhóithrí agus ar shraideanna na cathrach. Ní bheadh 'fhios agat beo cén chaoi mbíonn rith an ráis leis na carranna leath na gcuarta. D'airigh mé nach mbíonn agus bheadh sé chomh-dóigh dhóibh, cé nach bhfaca mé ach corr thimpist fhánach le linn mo chuairte. Ag caint ar dheifir, in aon áit ina mbíonn scuaine tacsaithe díomhaoin siad an chuid is saorgálaí acu an chuid is contúirtí le haidhreáil mar siad is tréine ar fad a thiomáineann.

Ach thairis sin ar fad, creidim gur díol iontais níos mó fós muid dhóib-san. Shílfeá gur seacht gcloigeann a bhí ar fhear geal ag siúl na sráide an chaoi a dtollfaidís thú, go mór mhór dá mbeadh do lámh i do phócaí agat! Is cosúil nach measann siad fearúlacht ná teacht-i-láthair ceart ar bith a bheith sa té a fhágann goic de chineál ar bith air, a ligfeadh a leathtaobh le balla ná a mbeadh a lámha saíte ina phócaí aige/aici. Geáitsí leisciúlachta agus cur-i-gcéill iad oibreachaí den tsórt sin chomh fada is a bhaineann sé le muintir na háite sin taobh thoir. Ní leis an leisce ná a cuid giollaí atá a dtír curtha beagnach i mbarr a maitheasa acu in achar gearr. Déarfainn, dhá bharr sin, nach dtóigfeadh sé i bhfad chor ar bith ar an té a mbeadh an triollús agus an dáiríreach ann ceart maith a bhaint dhóibh agus luí a bheith go héasca aige leis an taobh sin den domhan. Muid fhéin, fhéin, a chaith an dá lá fhliucha ann (ní bhfuair muid ach an t-aon lá amháin báistí ar feadh na trí seachtainí go leith) níorbh iad na nósanna coimhthíocha úd an chuid ba mheasa den téilíreach; b'fhurasta na "chop-sticks" a bharráíocht

ar báillín; ó bhí an éig curtha dhíot uair amháin agat ní mórán trioblóide a bhí le beatha bhlasta spósrúil na tíre (go fiú na franncaigh beaga mara agus iad triomaithe róstithe nár bhreá iad os cionn deoch!); ní mé, ach an oiread, an bhfuil caoi ar bith is compóirtí le do bhéilí a ithe nuair a théann tú ina chleachtadh ná a bheith caite fút ar an urlár; sínte ar a gcuid urláir teolaí an codladh is fearr le fáil siúráilte (sórt leaba thart-thart ba choitianta acu-siúd freisin, de réir cosúlachta mar is tochtanna tanaí éadroma caite ar an urlár cláir, a mbíonn seoides teas lárnach faoi, an chaoi is fearr le go leor leor acu le codladh fós fhéin); ní thógfeadh sé achar ar bith duine a thraenáil ar fud an tí agus aon bhróga láidre ná buataisí a fhágáil go pointeáilte taobh amuigh ag an "doras dúinte"! Agus maidir le ceol agus spraoi, níl 'fhios a'm an bhfuil a sárú siúd le fáil.

Sea! cuimhní iontacha ar ócáid fíor-speisialta a mhairfeas ag cuid againn ar chuairt mhór an Fhómhair seo caite. Ba dheis í nach dtagann ró-mhinic i mbealach mórán. Ach ba bhreá an rud ruaig amháin eile a thabhairt ar ais ann ach gan cúram na ngrást a bheith ar dhuine agus b'fhéidir rúinne beag den Khoriana a bheith anonn leis, an oiread is a haidhreálfadh carr nó tacsai a dhéanfadh colas an bhealaigh!

Tá faitíos orm gur fanacht fada a bhéas ann. Ach, slán an scéalaí, má thugann Dia dhúinn cá bhfios nach iad cairde a gcuid deartháirí agus a gcuid deirfiúracha i gCoiré Thuaidh, muintir na Sóivéide, an chéad dream eile a thabharfadh údar cainte eicint aríst do chuid againn. Slán freisin mar a inseofar é.

Matty Joe Sheamais



Tuilleadh Biseach ar Chois Fharraige. Oscailt oifigiúil Comhar Creidmheasa Cholm Cille ar an gCnoc i 1988. Nár laga Mac Dé sibh, is fada a leithéid ag teastáil sa gceantar. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



Filí óga an cheantair, a bhua duaiseanna, sa gcomórtas filíochta, a eagraíonn an coiste cultúrtha gach bliain. Bhí ócáid álainn acu i gColáiste Lurgan nuair a bronnadh na duaiseanna, is a léigh siad a gcuid filíochta don phobal. Tá cuid de na sean riadairí (Báird Chois Fharraige) sa bpictiúr freisin.

SMAOINTE

le Seamus Ó hEidhin
Coláiste Chroí Mhuire

Smaointe ag taisteal
anseo is ansiúd
Cuid ag fanacht go huaigheach
ag súil le hathfhás

Faoi chlocha is sceacha
iad brúite go teann
ag fanacht leis an aigne
chun iad a dhíriú amach

Smaointe ag borradh
ó ghlúin go glúin
Iad ag neartú, ag forbairt
ach ag fanacht go ciúin

ANGHEIMHREADH

le Orla Ní Thuathail
Gairmscoil Cholmcille

Geimhreadh ag teacht,
Crainn gan fás,
Duilleoga ag titim,
Bláthanna ag fáil bháis.

Éadaigh éadroma dul suas,
Hataí ag teacht anuas,
Páistí ar scoil,
Mall a luas.

'Fharraige fuar,
Báid istigh,
Gan grian amuigh,
Gan éinne ag rith.

AN TRÁ

le Áine Máire Ní Dhonnchadha
Gairmscoil Cholmcille

Is álainn é an trá
Ach ní thuigeann duine é
An áit lán le bruscar
a chaitheann daoine go fánach.

Is álainn é an trá
Shiúil mé é inné.
Ní raibh aon rud le cloistéáil
ach ceol binn ó na héin.

Shiúil mé ar na clocha
Scríobh mé ar an ngaineamh
Rith mé isteach san uisce
agus ó, ba é a bhí fuar.

Nead faoileán ar aill
Muca mara amach uaim.
Rón beag ag déanamh ar charraig
Éan lena gearcaigh sa nead.

Is álainn é an trá.
Faraor nach bhfuil mé ann
Bheadh mé ag scríobh ar na clocha
Bheadh mé ag rith amach san uisce.

Dá mbeadh mé i mo chónaí ann
Bheadh mé cairdiúil leis na róna
Thabharfainn bia do na héanacha
D'éistfinn leo ag canadh.

Is álainn é an trá
D'fheicfinn na muca mara
Tá an taoide ag teacht isteach
"Fág seo", a deir mo chara.

AN SRUTHÁN

le Peadar Óg Ó Conghaile
Gairmscoil Cholmcille

Is sruthán beag mé
Ag rith go dána
Ó bharr an tsléibhe
Is anuas le fána.

Nílímise sean
Is nílím óg
Is bím ag rith
d'óiche is de ló.

Is minic liom dul
Isteach sa loch
Chomh sciopaí céanna
Rithim amach.

Is deas a bhreathnaím
Faoi scáth na gréine
Gach maidin Samhraidh
Le mo chulaith glé geal.

Nach iomaí gasúr
A bhaineann asam plésúr
Ag seoladh a mbaidíní
Síos is suas tríom.

Anois tá mo phorta
In ann le bheith seinte
Mar go bhfuil na srutháin
Ag dul thar maoil.

Ó tá mé tuirseach
Ag rith de ló is d'óiche
Is ní stopfaidh mé ariamh
'S ní stopfaidh choíche.

1987 — Bliain na gCluichí Leathcheannais

Samhlaigh an méid seo: tá tú tar éis cluiche crua a imirt i lár páirce agus tá an t-am caite ... tá an cluiche imithe 2 nóiméad thar an am. Tá d'fhoireann 2 phointe amháin chun tosaigh ach tá tú anois ag seasamh sa gcúl id' aonar agus tá fear tosaigh ón bhfoireann eile á réiteach féin le cic éirice a thógáil id' aghaidh. An chic deireadh de Chraobh an Chontae faoi 14. Cumann Mícheál Breathnach in aghaidh Chortúin.

Sa leathnóiméad agus tú ag fanacht ar an gcic sin riheann imeachtaí na bliana trí t'intinn.

Thar aon am eile tá slua mór ón bparóiste ag breathnú orainn - ár dtuismitheorí, ár dtraenálaith agus lucht leanúna - agus bhíodar ar fad bródúil asainn. Má théann an pheil isteach san eangach tá obair mhaith bliana imithe le sruth an tráthnóna fliuch fómhair seo. Bliain inar deineadh an chuid is mó den trænail ar an trá mar go raibh páirc an Chumainn dúnta len í a athchóiriú. Bliain ina ndeachaigh an fhoireann chomh fada le cluiche leathcheannais in dha chomórtas eile, ach gur chailleadar iad sin d'aon phointe amháin.

Agus seo seans eile ag sleamhnú uaibh!

Is é an rud is mó a bhriseann do chroí gur thóg sé an oiread sin teacht chomh fada leis seo. Bhí trí chluiche leathcheannais le himirt sa gcomórtas seo féin in aghaidh Cill Chon Iarainn. Bhí comhscór ann an chéad uair - b'fhéidir go raibh an t-ádh orainn. San athimirt ní raibh rudaí ag dul rómhaith ach bhíomar pointe amháin chun tosaigh deich nóiméad ón deireadh in aghaidh gála gaoithe. Cuireadh imreoir ón taobh eile den bpáirc ansin agus bhris raic amach duine ón taobhlíne nach raibh sásta leis an réiteoir. Cuireadh deireadh leis an gcluiche láithreach agus socraíodh athimirt roinnt seachtainní ina dhiaidh.

Fuair sibh deis dá bharr imirt i bPáirc an Phiarsaigh os comhair an lucht tacaíochta ab fhéarr a bhí agaibh go dtí seo. D'imir sibh sárcluiche agus ghnóthaigh sibh áit sa gcluiche ceannais. Bhí rudaí go maith ar deireadh thiar.

Ach anois céard a bhí ag tarlú? Cén fáth a dtabharfaí cic éirice nuair a tharla pé rud a tharla taobh amuigh



Ar chúl ó chlér: Peadar Óg Ó Conghaile, Ruaidhrí Ó Tuathail, Seán Breathnach, Uilic Ó Cualáin, Ciarán Ó Tuathail, Caoimhín Mac Donncha, Aodán Mac Cárthaigh, Tadhg Ó Conghaile. Ar tosach ó chlér: Máirtín Ó hÓbáin, Ciarán Puirseál, Pádraig Ó Neachtain, Máirtín Ó Direáin, Pól Ó Neachtain, Seán Mac Donncha, Mícheál Ó Maoileoin.

den gcearnóg mhór? Agus bhí an t-am caite pé scéal é. Shílfeá go raibh an bua tuillte agaibh.

Bígí ag faire amach dor bhfoircann seo arís. Cá bhfios nach mbeidh cuid acu ag imirt do Ghaillimh fós.

Nóta: Tá video den gluiche ceannais faoi 14 a imríodh ar 17 Deireadh Fómhair 1987 ar fáil ar iasacht ó Chumann Mícheál Breathnach.



Gach rath ar BHISEACH
ó
CLUB ÓIGE LURGAN

Beannachtaí ó
**CHUMANN FORBARTHA
CHOIS FHARRAIGE**

Céad Bliain ó Shin

Scoil Sailearna 1889

Bhí scoil nua in úsáid ó Mheán Fómhair na bliana 1886. Scoil mheascaithe dhá sheomra a bhí ann roimhe sin ar an láthair chéanna. Cuireadh tús le tógáil na scoile nua sa bhliain 1884. Bheadh an scoil ar siúl sa scéipéal faid a bheadh an scoil nua á thógáil. Cheithre sheomra a bheadh sa scoil nua - dhá sheomra le haghaidh na mbuachaillí taobh thiar agus an dá seomra taobh thoir le haghaidh na gcailíní. Chosain an scoil nua £459 agus fritheadh £306 mar dheontas. Chosain sé £41-19-6 balla a chur thart ar an scoil. An tAthair Hosty, an Sagart Paróiste, a bhí mar bhainisteoir ar an scoil nua. Is é a tháinig i ndiaidh Canon Lyons. Mary Donohue nó Máire Mhicil Hughie, mar tugtaí uirthi, a ceapadh ina Príomhoide i

scoil na gCailíní agus sa bhliain 1889, bhí Miss M. Maxwell ina cúntóir aici. Is í an Mary Donohue seo a phós an Máistir Ó Maicín blianta ina dhiaidh sin nuair a ceapadh ina Phríomhoide ar scoil na mbuachaillí é. Thomas McNulty a bhí ina Phríomhoide i Scoil na mBuachaillí ach bhí sé le n-éirí as sa bhliain 1889 agus Jeremiah Ó Riordan le teacht ina áit. Bhí McNulty ina Phríomhoide sa seanscoil agus Mary Donohue ina cúntóir. Ní i gcónaí a bhíodh cúntóir ag McNulty sa scoil nua mar nach raibh líon na mbuachaillí sách ard. Chaith Kate Costello tamall ina cúntóir ann. Thugadh an séiplínach, An tAthair P. Mannion, cuairt ar an scoil go minic.



Cór Scoil Náisiúnta Sailearna a bhí páirteach i bhFeis Thuama sna daicheadaí. Tá an múinteoir (Miss Swords) ina seasamh ar chlé.



Cé na sclaiqeannaí? Sí an bhróig a theastódh uait!

Seo a leanas na gasúir a tháinig ar scoil don chéad uair sa bhliain 1889:

Cor na Rón:

Michael Folan (Stephen)
Martin Folan
Michael Faherty (William)
John Folan (Pat)
Bridget P. Curran
Mary Folan (Pat)

Lochán Beag:

hathair)

Catherine McGinn (Fíodóir a
Mary Folan (James)
Coleman Walsh
Peter Costello (Gabha a athair)
Michael Feeney (John)
Coleman Flaherty

Teach Mór:

Margaret Folan (B)
Kate Folan (B)
Kate Faherty (M)
Thomas Donohue
Philip Folan
Edward Waters

Na hAille:

Barbara Costello (James)
Bridget Keady
Honor Keady (M)
John Donohue
Patrick Costello

An Cnoc:

Níor tháinig aon chailín
Patrick Joyce
Coleman Joyce
John Earner (Fíodóir a athair)

Baile na hAbhann:

Margaret Toole

Coill Rua:

John Folan
Patrick Walsh (Pat)
Patrick Folan
Honor Walsh

Púirín:

Catherine Connely
Daniel Lydon

Cathair:

Mary Connely (Tim)

Sailethúna:

Michael Concannon

Cnoc an Eas Thoir:

Honor Keane (dílleachtaí)

Seán Ó Mainnín
Gairmscoil Cholm Cille

Comórtas Tinte Cnámha

Focal ón Moltóir

Is beag scailp ón gCré Dhubh go Cor na Rón nach raibh tine ar lasadh. An strainséir féin a thioctadh an bealach, bheadh fhios aige go raibh traidisiún faoi leith á cheiliúradh. Is iontach go deo an t-athrú a bhí le tabhairt faoi deara agus tú ag imeacht ó bhaile go baile. Bhí tintreacha lasta ar chnocáin, sna gleannata agus fiú ar chosáin!

Bhí slua maith ag gach baile cruinnithe timpeall ar gach tine. Cuid acu ina suí le cois an chlaí, áiteacha eile fós agus iad ina ngrúpaí beaga. Bhí duine amháin nó b'fhéidir beirt i gceannas an tine. Bhí sé riachtanach i gcónaí go mbeadh an tine i mbarr a réime.

"Ba thúisce deoch ná scéal". Bhí bia agus deoch go fairsing le fáil timpeall gach tine. Is iontach mar a d'éirigh le scata gasúir scéal breá a chur le chéile i mbaile amháin, arnó "is olc an chearc nach scríobann dí féin". "Tá sibh deirneach" a dúirt siad (gan é fós ach a naoi a chlog) "bhí slua an-mhór anseo uair ó shin". Rinneadar cur síos beacht ar gach a tharlaíonn oíche mar seo. M'anam gur maith a d'éirigh leo an teachtaireacht a chur abhaile, níor chreid mise iad. Mar sin féin mheasas gur iontach an tuiscint a bhí acu ar an ócáid. Glún óg ag fás aníos, bhí fréamhacha na féile ag borradh go láidir anseo.

Bhí atmasféar iontach maith i measc gach comhlúadar. An oíche chéanna ní raibh smámh as aer ann, rud a d'fhág gurbh álainn an radharc na tinte a bhí ar lasadh síos le cladach. Is iontach mar a chuir ceol mall na feadóige móre le torann na mara ar an gcladach.

Thaithnigh an tráthnóna go mór liom. Is iontach go deo an smaoineamh a bhí ag an gCoiste a d'eagraigh an rud ón tús. Deirtear gur "Dhá thrian den chath an misneach". Ócáid thaithneamhach, tharraingteach, thraidisiúnta agus gura fada buan a mhairfeas sé.

Peadar Ó Maoláin

Ar Shlí na Fírinne

Pádraig Ó Coincheanainn, Saile Thúna, 23.2.1987
Seán Ó Conghaile, Cré Dhubh, 24.2.1987
Máire Uí Chéidigh, Lochán Beag, 8.3.1987
Colm Ó Cualáin, Teach Mór, 20.4.1987
Brid Ní Chéidigh, Teach Mór, 31.5.1987
Mícheál Ó Conghaile, Cré Dhubh, 7.6.1987
Brid Bean Uí Chualáin, Bothúna, 17.6.1987
Brid Ní Chualáin, Coill Rua, 2.7.1987
Máirtín Ó Conghaile, Saile Thúna, 12.7.1987
Peigí Uí Fhátarta, Coill Rua, 23.8.1987
Brid Bean Mhic Niocaill, Cnoc, 13.9.1987
Máirtín Ó Cualáin, Cor na Rón Thiar, 7.10.1987
Peadar Ó Conchúir, Buaille Uisce, 25.10.1987
Peige Bean Uí Loideáin, Tuar Beag, 27.10.1987
Máirtín Ó Conghaile, Púirín, 8.11.1987
Tomás Breathnach, Cor na Rón Thiar, 18.11.1987
Máire Ní Thuathail, Aille, 26.12.1987
Sorcha Ní Dhroighneáin, Cor na Rón Thoir, 29.12.1987
Máiread Bean Uí Chualáin, Coill Rua, 13.1.1988
Pádraig Ó Tuairisg (Seáinín), Lochán Beag, 10.2.1988
Beartla Ó Coisdealbha, Cor na Rón, 11.2.1988
Pádraig Ó Loideáin, Seanamhóinín, 13.2.1988
Seán Ó Curraoin (Dan), An Chathair, 20.2.1988
Pádraig Ó Fátharta, Clochar na gCon, 22.2.1988
Máire Bean Phádraig Uí Fhátarta, Aille, 6.3.1988
Seosaimhín Uí Choincheanainn, Cor na Rón Lár, 11.3.1988
Seán Ó Tuathail, Aille, 13.3.1988
Áine Bean Uí Nuadhain, Cor na Rón Lár, 13.3.1988
Máire Bean Mhic Fhlanncha, Cathair, 30.4.1988
Peadar Ó Curraoin, Saile Thúna, 8.6.1988
Pádraig Ó Cualáin, Teach Mór, 31.10.1988
Seamus Ó Cualáin, Teach Mór, 31.10.1988
Colm Ó Tuathail, Lochán Beag, 13.11.1988
Mícheál Ó Cadhain, Saile Thúna, 2.12.1988
Máire Breathnach, Seanamhóinín, 16.12.1988
Máire Bean Uí Dhonncha, Cor na Rón Thoir, 22.12.1988
Cáit Ní Chonghaile, Cor na Rón Lár, 9.1.1989
Jim Clayton, Teach Mór & Manchuin, Sasana, 25.1.1989

Céad Fáilte Roimh na Daoine Óga

Eoin Ó Raighne, Coill Rua Thiar
 Pádraig ó Dubhghaill, Coill Rua
 Martina Ní Fhinnéadha, Lochán Beag
 Dónall Ó hÉalaí, Aille
 Ros Áine Ní Chéide, Aille
 Bríd Nic Dhiarmada, Aille
 Seosamh Ó Conghaile, Bothúna
 Sorchá Ní Ghríofa, Cor na Rón
 Máire Eibhlín Ní Churraoin, Cnocán Glas
 Seán de Paor, Lochán Beag *seán Power*
 Pádraig Ó Griallais, Lochán Beag
 Emlí Áine Ní Iarnáin, Saile Thúna
 Ciara Ní Fhionnagáin, Teach Mór
 Louise Ní Chualáin, Saile Thúna
 Deaglán Ó Beolláin, Seanamhóinín
 Aisling Ní Chonghaile, Bóthar Buí
 Dónall Ó Cualáin, Coill Rua
 Cáit Ní Chonghaile, Aille
 Mairéad Breathnach, Cathair
 Séamus Ó Conghaile, Coill Rua
 Aisling Ní Chéide, Aille
 Linda Ní Chadhain, Aille
 Riocard Ó Coisdealbha, Baile na mBroghach
 Emer Ní Chonchúir, Bothúna
 Rónán Ó Cadhain, Púirín
 Ciarán Ó Cualáin, Teach Mór
 Aodán Ó Neachtain, Seanamhóinín
 Nóra Ní Chonghaile, Aille
 Caitríona Ní Dhubháin, Saile Thúna
 Tadhg Ó Curraoin, Coill Rua
 Caitríona Ní Chualáin, Saile Thúna
 Meabh Ní Scannláin, Teach Mór
 Sharon Ní Chualáin, Teach Mór
 Antoine Ó Finneadha, Lochán Beag
 Pádraig Ó Conaire, Cor na Rón
 Áine Máire Ní Ghríofa, Cor na Rón
 Diarmuid Ó Céide, Saile Thúna
 Piaras Mac an Iomaire, Bóthar Buí
 Cian Mac Giolla Bhríde, Lochán Beag
 Dáibhí Ó Loideáin, Saile Thúna
 Peadar Ó Conghaile, Bothúna
 Mairéad Ní Chonghaile, Aille
 Bairbre Ní Lochlainn, Seanadhroighin, Coill Rua
 Thiar = *Hi Darling*
 Úna Ní Churraoin, Cnocán Glas
 Áine Máire Ní Churraoin, Aille
 Déaglán Mac Giolla Chlaoin, Cor na Rón

Go Maire Siad a Nuaíocht

Paul Ó Callanáin, Caisleán Uí Dhálaigh & Áine Ní Chéide, Aille
 Gilbert Chapelain, Indreabhán & Mairéad Nic Dhonncha, Indreabhán
 Seosamh Ó Cuinn, Tír an Fhia & Mairéad Ní Thuathail, Coill Rua
 Mícheál Ó Dubháin, Baile an tSagairt & Caitlín Ní Ghiolla Mháirtín, Saile Thúna
 Tomás Ó Cadhain, Teach Mór & Máirín Nic an Iomaire, Doire Choill
 Seosamh Mac Proinnsias, An Spidéal & Caitlín Ní Ghabhnáin, Coill Rua
 Tomás Ó Fathaigh, Páirc Meirlinne & Siobhán Ní Thuairisc, Lochán Beag
 Éamonn Ó Feinneadh, Tuar Beag & Siobhán Ní Shúilleabháin, Baile Átha Cliath
 Pádraig Ó Fiannachta, Scríb & Áine Ní Choisdealbha, Cor na Rón
 Peadar Ó Feinneadha, Lochán Beag & Caitlín Nic Dhiarmada, Cor na Rón
 Loic Trahan, Indreabhán & Siobhán Ní Ghabhnáin, Coill Rua
 Seán Ó Fátharta, Cor na Rón & Bríd Ní Choisdealbha, Baile na hAbhann
 Seamús Ó Curraidhin, Minna & Sorchá Ní Fhátharta, Teach Mór
 Pádraig Mac an Iomaire, Doire Choill & Áine B. Ní Churraidhín, Aille
 Mícheál S. Ó Conghaile, Doire Né, Casla & Carol Ní Fhlannabhra, Cor na Rón
 Cormac Ó Flannagáin, Áth Cinn & Máire Ní Mháille, Cor na Rón

TIGH CHUALÁIN

Coill Rua

Teach Tabhairne

Grósaeireacht, Crua-Earraí, Gas



Cuid de Bhard-as Chois Fharraige. Níl a fhios ag éinne cá bhfuil an bhróig ag luí ar an duine eile.

FIÁNTAS FILEATA

Do Thomás Mac Síomóin

Gabh suas ort féin, a fhile,
 Is beannaigh de shíor dhuít féin,
 Amháin
 Ní chasfar ort faoi bhealach
 Ach scáile d'urchóide féin.

Sciúir, glan is feann
 An focal sin istigh,
 Is leat
 An teanga dhiamhair
 Ach an foclóir nua a scríobh.

Ciorraigh col na céille
 A mholfadh na cúrsa réidh,
 Neamhaird
 Is dual don saothín
 Cháinfeadh do nuacheird dúchais.

Gearóid Denvir

I Reilig Mhaoiris

Le Ruaidhrí Ó Tuathail

Ní fheaca dé air
 gur baineadh tuisle
 ag cloch bhaic i lár geata roinne.
 Bhfuil fhios agatsa
 adeir m'athair
 gur cuireadh páiste
 faoin gcloch sin
 díreach i lár
 an bhealaigh isteach
 sna blianta thart?
 Bhain leis an dream eile úd
 tá's a'd
 gur chosc sagart éiseallach
 glacadh leis
 'sgur chuir ó chur é
 i measc deá-dhaoine,
 gur cuireadh anseo é
 gan é istigh ná amuigh
 sa limbó saolach seo!

Fir An Iarthair

le Tom Phaidí

Beidh ard mheas ar Phádraic Mac Piarais,
a mhaireas choíchin's go deo,
Mar Cheannaire ar arm na Saoirse,
fads'mhaireas aon Eireannach beo,
A treorú na nóglaí 'un na Saoirse,
dá ngríosú bheith dílis go h'éag,
In Ard Oifig a' Phosta Dé hAoine,
sa mblian údaí naoi-déag sé-déag.

O crochaí suas bhéarsaí don amhrán,
don seachtar Laoch-tréan a bhí ann,
A bhailigh le chéile an oíche úd,
le dílseacht dá dtír is dá gclann,
Seal gairid comhrá le chéile,
ní raibh ann ach aon fhocal amháin,
Nó gur síníodh an Proclamation go cinnte,
an oíche-úd go díreach roimh Cháisg.

Ba Caipitín's Ceannaire é 'n Píarsach,
nach dtug aitheantas go Rí ná go Coróin,
Gaisgíoch nach raibh leithde sa Tír-seo,
ná'n aimsir Emmet,ná Tóne,
Ná fiú agus aimsir an tSáirséil,
ná ó Chath Chinn tSáile anuas,
Ná aimsir Eachdhruim an Áir,
ná ó imeacht na nIarlaí is Aodh Rua.

ná ó imeacht na nIarlaí is Aodh Rua.
Ba sgríbhneoir fíor é go cinnte,
agus file le cumas is cáil,
Ba ealaíontóir, ealaíonta grínn é,
chomh maith's bhí thimpeall ChríFáil,
Dealbh go Shean-Mhaitias déanta,
go cruinn i mbéal dorais le fáil,
Sgaoth-fáinleoga teacht 'un a tíre
go dtí Eoinín na n-éan ar an áill.
A bhuachaillí maithe na tíre,
is a chailíní geanúil is fíor,
Leanaigí Lorg na Laochraí,
ar an aistir ar bhealach na bhfiann,
Ná cailigí bhur n-oidhreacht bhreá uasal,
ná teanga mhilis mhín Innse Fáil
Mara rinne an Píarsach'sna hOglaí,
san am úd go bródúil faoi Cháisg.

Leanagaí an sampla go díreach,
'sbeidh an buíochas go dílis ó bhur gclann,
Agus leanfaidh na glúnta 'na dhiaidh sibh,
le dúbhthracht 's ómós is grá,
Beidh beannacht na naomh libh go síorraí,
's beannacht na ndaoine gach lá,
Beannacht bhur sinnsir ón bPíarsach,
agus beannacht na Saoirse ón gCaisg.

Mar níor caileadh an Píarsach dháiríre,
mar chinn sé ar Sheán-bhuí 's ar na Gaill,
Mar tá an Iobairt go buan inár gcroí,
mar bhí an oíche úd sa ghábh,
Níorbh í íde na Sasanach 'chlaoi é,
ná spídúlacht ghéar roimh a bhás,
Ach na piléir dá smíocha thrí'n innchin,
i gcarcair Chill -Mhaighneáin faoi Cháisg.

Snú

le Joe Steve Ó Neachtain

Ba dhona liom do bhris
a sheanfhir. Leic cille
Mar mhaide croise agat.
Rithim na sluaiste dóibe
ar bhodhrán cónra ag
pléascadh i bpoll do chluaise.

Sú goirt do shúl,ag
coisreacan créafóige, is
déas aibí do chuid síl
Dhá ath chur i
mbroinn seasc na talún.

Mheáil do shnú mo shúil
ís greannta ar leic do
leicinn, i scríbhinn fhéitheacha,
Bhí dúch do chuid fola
ag tuar do bháis go haibéil.

Sul má chneasódh cneá
an láin sa scrath. Shuaithfí
an dóib seo aríst, is
bheadh súlach do choirp ag
silt ar chorp do mhic
a bhí óg folláin is díchéillí inné.

An Sean Duine

le Cóil Larry

Téann mé siar i mo aigne
Ní seachtain ná cúpla lá,
Ach blianta fada grianúil,
Nuair a bhí mise féin faoi bhláth.

Nuair a scaoilfí amach ón scoil mé
Bhíodh uafás orm is áthas,
Go mbeadh mé le mo dheaide,
Ag tarraingt feamainne ón trá.

Ba aoibhinn liom boladh an tsáile
In áit boladh na leabhar,
Ba aoibhinn tromaíocht an slatmhara
In áit éadromíocht an pheann.

Ba deas é snas na feamainne,
Is sleamhnódh sé as do láimh,
Ach cheansófaí í sa deireadh,
Le gádh a chur ar a barr.

Bhíodh an gail cois claí acu,
An toitín nó an píopa bán,
Scéalta breá dhá n-inseacht
Nach n-inseofar arís go brách.

Ba dheas é an mullach feamainne
A bhíodh líonta le stuaim láimh,
Ní áirím an ceannasna,
Ná raibh a shárú le fáil.

Nach tuisneach a bhí an t-asal,
Nuair a thioctadh sé go dtí áit,
Stopadh sé ag ceann an iomaire
Go mbeadh deireadh leis an slám.

Ba ghearr go mbíodh an garraí dubh
Is na barranaí ag fás,
An fheamainn bhí sí imithe,
Ach bhí toradh ina háit.

Ach tá na laethanta sin caite
Is arais ní thioctaidh go brách,
Tá an fheamainn casta fiáin
Is tá na garrantaí s'iad bán.

Dhá scaoilfí amach ón scoil anois mé,
An mbeadh uafás orm agus áthas,
Nó an ndéanfainn fiú amháin deifir
Le dul go dtí an trá?

Tá athrú poirt is béasa,
Is timpeallachaí eile ag fás,
Nach raibh ann le linn mo óige
Is nach dtuigfeadh mé go brách.

IDIÚ CANTAIL

Eiriceach dubh gan iúl thug fogha fúinn,
Ingne cruaike ar bharra na gcrúb
Tráth nár scaoileadh na geasa rúin.
Neamhsuim an chomhairle gach n-aon do mhúin.
Éitheach a thabhairt

Ní ceadmhach neamhsuim.

Ceileann ciúnas fuíoll an cháinte,
Éigníonn ionradh athfhogha faoi shásamh,
Amas is dual d'oidhre na bairdne;
Láthair an chatha ós í ríocht an pháir í,
Léifead léirscrios fheannfas namhaid;
Ach maide den mheá ceart bainfeadh láithreach
Is craithfeadh go bagrach os a chionn go hard é,
Gaiscíoch na mbréag go leagfad ar lár leis.

Gearóid Denvir

Lá Beirthe

le Joe Steve Ó Neachtain

Aisling , a dúras,
Is deora aoibhnis
Do do bhaisteadh,
Nuair a mhúirmíos
I mo bhaclainn thú,
Is taisé broinn do mháthar,
Mar fholach ort.
Sé bliana déag
Is an oíche anocht.

Siosarnach

le Brian Ó Baoill

Tá siosarnach na gaoithe trí dhuilleoga
ar an gcasán tríd an gcoill,
ar an gcasán cas .
Beidh siosarnach ón ghaoth
i measc na gcaobh agus muidhe imithe as.
Is i gcionn leath-mhilliún bliain,
is an cine
le fada de dhroim an tsaol,
is ag déanamh cré,
agus caonach glas,
beidh siosarnach ón ngaoth.
ar an gcasán cas.
Ciúin an cine faoi chré, agus,
ina aiséirí trí shú na gcaobh,
leighseoidh sé gach leonadh,
gach creach cholgach,
a dhein le linn a lae.
Beidh siosarnach ón ngaoth
i measc na gcaobh,
beidh srutháin bhána,
caorthain rua ar na bánta,
ag fás sa bheatha bhreá;
agus lá,
ón gcladach, nó ón bhforaois,
nó ón mhá,
brúfaidh réamh-Adhamh fiosrach
é féin aníos:
agus cuirfear tús le chuile rud;
arís.

COILLTEÓIR

le Ruaidhrí Ó Tuathail

Maireann an chraobh ar an bhfál
Ach ní mar sin don lámh a chuir"
Má tharla gurbh fhíor
Ní h-amhlaidh i gContae Mhuigheo.
Dé hAoine seo caite chonaic
ceannaí ar thaobh an bhóthair
- reiceadóir ábhar tine-
Nár thuig go rabhthas
ag coilleadh seanfhocal
le chuile bhuile den tua
dár thug sé
don choll óg.

BEQ

le Brian Ó Baoill

An ón sceach álainn róis
An dath sin ar an spéir,
Nó an ó chneas an chailín deas,
A thagann sé go léir?

Nach éadrom í sa ngarraí
A céim anonn s'anall
Taobh thiar de sceach na gconrós,
Idir mé is an spéir sin thall.

Nach aoibhinn í an bheatha,
Más sealadach í féin,
Nach fearr seal álainn uair amháin,
Le siúl ar dhroim an tsaol,

Ná neamhní dubh, gan fhios, gan bheith,
A thit ó bhláth mar shíol,
Is a sheol le gaoith go hard anonn,
is nár shroich an talamh riamh?

An fiú a bheith ag ceistiú,
is ag lorg cúis is fáth,
is ag cumadh déithe áisiúla,
is gan freagra ceart le fáil?




Colm Mac Gill Eain nó Colm Alban a chaith seal dhá shaol ag bailiú béal oideas i gCois Fharraige. Beidh a dheartháir Somhairle, duine de mhór fhilí na linne seo, i gcuideachta na bhfilí 's na gceoltóirí Albanach i gColáiste Lurgan ar an 14.4.1989.

Coistí an Pharóiste

GLÓR NA nGAEL

Brian Ó Baoil ag glacadh duais ar shon paróiste an Chnoic i 1988.

Beidh an tUachtarán ag teacht go Cois Fharraige chun príomh-dhuais na bliana seo a bhronnadh ar pharóiste an Chnoic ar an 21ú Bealtaine i gColáiste Lurgan.



Istigh i seomraí ciúine
Coistí forbartha neamhghairimiúla
Uair i ndiaidh na huair
Ag cruinnithe tuisiúla
Ag cur gníomhartha á ndéanamh
Go deonach is le héifeacht
Trí ghéarchúis a moltaí
A chur ag snámh ar an aer,
Is ag cur le líon na meithle
I gcéimeanna mín-réidhe.

An Ceantar

Tuige a n-oibríonn daoine ar choistí? Is beag buíochais a fhaigheann siad go hiondúil ach lochtaítear iad anois is arís. Agus cé go n-éiríonn an corr dhuine as an obair, gan an fíor chúis a lua b'fhéidir, leanann cuid mhór ar aghaidh ar feadh na mblianta, ar feadh ró-fhada, seans, i dtuairim chuid den chomhludair. Is dóigh gur rud éigin idir gá agus grá a spreagann an duine le dul ar choiste. De bharr an ghrá atá aige/aici don chomharsan nó don cheantar is léir don duine go bhfuil gá le seirbhís nó le forbairt nó le cosaint de chineál éigin. Le fírinne, is dóigh gur naoimh iad coisteoirí, nó b'fhéidir go bhfuil siad beagáiní craiceáilte, nó an dá rud.

Sliabh, trá, clocha crua agus talamh thanaí, ballaí agus bóithriní, filí agus feilméirí agus feilméirí gur filí iad, mná tí, lucht monarcha, lucht oifige. Ilghnéitheach pobal pharóiste an Chnoic inniu, idir iad atá nuatagaithe agus sean-tagaithe.

Polasaithe

Níl stair na gcoistí ag dul siar i bhfad, ach ón uair a thosnaigh siad, d'fhás agus d'fhorbair an córas ar bhealach suntasach.

Tá eolas faoi dhátaí bunaithe na gcoistí ar fáil ar leathanach eile agus, mar sin, tabharfaidh mé léargas ar an bpictiúr go ginearálta agus ar chuid de na cinnithe cinniúnacha.

Thug na coistí cinnireacht an-mhaith don phobal agus ba mhaith liomsa, mar dhuine nach raibh lámh ná páirt aige i gcúrsaí sa Pharóiste seo ag an am, dhá phointe a lua.

Sa chéad dul síos, go bhfuil treoir nó cinnireacht nár mhiste do phobal na tíre ar fad í a leanacht le fáil i bparóiste an Chnoic, agus, sa dara dul síos, gur chóir aitheantas poiblí a thabhairt do na daoine sin a leag síos an bunsraith.

Tá súil agam go nglacfar leis an deis len é seo a dhéanamh nuair a bheidh an paróiste ag comóradh a bhua i nGlór na nGael.

Nuair a bhunaigh pobal an Chnoic Cumann Forbartha Chois Fharraige sa bhliain 1966, bhunaigh siad dhá nós a bhí fíor-thábhachtach:

1. Seirbhís a chur ar fáil do Phobal an Chnoic agus é sin a dhéanamh trí Ghaeilge; agus
2. Fo-choistí a bhunú nó a spreagadh le go mbeadh chuile ghné d'fhorbairt an phobail mar phríomh chúram ag coiste áirithe.

Dheimhnigh an leagan-amach seo go bhféadfai tabhairt faoi fhorbairtí éagsúla ag an am céanna agus go scaipfí dualgaisí agus údarás amach tríd an phobal. Tá an córas sin coitianta go leor anois, ní raibh ag an am.

Bunaíodh Cumann Peile Mhichíl Bhreathnach, an iris Biseach, Coiste Glór na nGael agus Fo-Choiste

tionscail sa chéad bhliain; Cumann Drámaíochta, Coiste Uisce agus Club Óige Lurgan sa dara bliain.

Léiríonn an fás seo an fuinneamh iontach a bhí sa chéad choiste sin agus an cúram a rinne siad de sheirbhísí don phobal, don óige, do na healaíne agus, ar ndóigh, don Ghaeilge féin.

Mar is léir ón sceideal, is ar éigin a d'imigh bliain thart ó shin gan scéim nó coiste nó seirbhís nua a bheith á bhunú, agus coinníodh na sean-chinn ar siúl.

Tuige?

Bheadh sé réasúnach a fhiafraigh cén fáth a bhfuil gá le coistí forbartha, polasaithe teanga agus mar sin de. Tá gá leo mar, más mian linn gur pobal Gaelach a bheadh i bhfeighil na tíre seo, ní mór dúinn an pobal Gaelach sin a chothú nó, más gá, a chruthú. Faoi mar is eol dúinn, scrios Sasana an úr seo ó thaobh na heacnamaíochta agus ó thaobh chultúir agus teanga agus níl an obair aththógála déanta fós.

Tá cuid den phobal ag rá gur cóir dúinn éirí as. Feicfidh tú a gcuid litreacha sna nuachtáin: "Lets

AN CNOC 88

1965	1968	1972	1976	1979	1983	1986
Seipéal Naomh Ainnin	Coiste Uisce	An Grúp Scéim Uisce	Comhar Lurgan	Bunú Eigse Scoile	Foilsíú Biseach	Bunú Baird Chois Fharraige
An Bunscoil	D'Éiligh an Cumann Forbartha Udarás don Ghaeltacht	Scoil Náisiúnta Nua	1977 Amárach	Biseach	1984 Bunú Comharchumann Saileama Teo.	1987 Foilsíú Chois Fharraige an cheoil
Gairmscoil	1969 Club Oige Lurgan	1973 Foilsíú Téacsleabhair Gaeilge	An Gael Acadamh	1980 Foilsíú Biseach	Bunú Gníomh Cearta don Ghaeltacht	Biseach
1966 An Cumann Forbartha	Cearta Siabhialta na Gaeltachta	Coiste na Páirce	Siopa an Phobail	1981 Oscailt na Páirce	1985 Bunú Léargas don Teilifís	Comhar Creidmheasa Cholm Cille
1967 Talamh do Gaeltarra	1970 Bunú Comharchumann Chois Fharraige	1975 Bunú Cló Chois Fharraige	1978 Bunú An Coiste Cúlúir agus Caitheamh Aimsire	Biseach	Bunú Coiste Forbartha na Páirce	Comhaltas Ceoltóirí Éireann
Cumann Dramaíochta	1971 Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara	Bunú Naíonra Lurgan		1982 Ranganna ar an Sean-Nós		1988 Foilsíú Filí Oga
Biseach a 1				Foilsíú Guth Lurgan		
Athbhunú Ml Breathnach						
Glór na nGael						
Coiste Tionsclaíochta						

admit, with regret, that the revival has failed and waste no more time with it".

Is toradh é an dearcadh seo ar easpa dáiríreachta na rialtaisí thar na blianta. Ní raibh aon easpa eolais faoi céard ba ghá a dhéanamh leis an Ghaeilge a shábháil, ach níor deineadh é agus níl sé á dhéanamh. Cén chaoi a chuirtear teanga i réim? Cén chaoi ar éirí le Béarla in Éirinn? Is é an freagra, i bhfocal amháin, "cumhacht".

Sa séú aois déag is ar éigin a labhradh aon Bhéarla taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Ach tar éis 1607, nuair a fágadh lucht na Gaeilge gan cumhacht phoiliticiúil agus gan arm, tharla cúpla rud a bhí fíor-thábhachtach.

1607 - seizure by Crown of the entire counties of Cavan, Fermanagh, Armagh, Derry, Tyrone, Tyrconnel, about 511,456 Irish acres.

26 September 1653 - Act of Grace in English Parliament ordering Irish Catholics to transport themselves, on pain of death, into Connaught before 1st March 1654.

1661-1666 - Acts Settlement. 7,800,000 acres confiscated and distributed.

Faoi mbliain 1778 ní raibh ach 5% de thalamh na hÉireann i seilbh na nGael. Agus, ar ndóigh, bhí tionchar mór ag an éagóir seo ar an teanga. Mar a dúirt Sasanach, Stanyhurst, ag an am "Where the country is subdued, there the inhabitants ought to speake the same language the vanquisher parleth".

Dúirt Sasanach eile, Spencer "...it hath ever been the use of the conquerors to dispise the language of the conquered and to force him by all means to learne his".

Tá aththógáil mhór le déanamh in Éirinn ó thaobh na heacnamaíochta agus ó thaobh chultúir agus teanga. Ní éadóchas ach díongbháilteacht atá uainn.

Céard is féidir a dhéanamh?

Ar an leibhéal áitiúil is féidir le coistí an fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn trí

Ghaeilge, faoi mar atá á dhéanamh i bparóiste an Chnoic. Beidh meas ar an teanga a bhíonn in úsáid ag institiúidí tábhachtachta an phobail. Mar sin, más mian linn go mbeidh meas ar an nGaeilge, ní mór dúinn a dheimhniú go mbainfidh na hinstitiúidí tábhachtachta feidhm asti. Tá an rud céanna fíor faoi institiúidí ar an leibhéal náisiúnta, ar ndóigh. Muna gcuirtear na seirbhísí tábhachtachta ar fáil trí Ghaeilge ar an leibhéal sin, táthar ag deimhniú, ní amhain nach mbeidh meas uirthi ar an leibhéal náisiúnta ach táthar ag déanamh beag de iarrachtaí na ndaoine ag an leibhéal áitiúil.

Nithe nua

Is iontach an rud é go bhfuil na sean-choistí ag feidhmiú i gcónaí, go mbíonn coistí agus institiúidí nua á mbunú, Comharchumann Sailearna, craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, An Comhar Chreidmheasa, mar shampla, agus go mbíonn daoine fós ag smaoineamh ar sheirbhísí breise ar nós Seirbhísí Turasóireachta, Seirbhísí breise Teanga, Cór do Dhaoine Fásta, Aonad Phobail, Iarsmalann, Ranganna Ceoil agus mar sin de.

Ta mé cinnte go dtabharfaidh pobal an Chnoic faoina leithéid leis an bhfuinneamh, an éifeacht agus an comhoibriú céanna is a thug An Cumann Forbartha faoi riachtanaisí an phobail o 1966 i leith agus go mbeidh Glór na nGael le cloisteáil i mbun gnó i gCois Fharraige go deo.

Brian Ó Baoill

SIOPA AN PHOBAIL

Gach cineál earraí ar fáil

Gach deá-ghuí ó
Seán & Mairéad Ó Foighil

Cumann na bPáistí Lag-inteanach agus Mí-Chumasach Meabhrach

Bunaíodh brainse de chumann na bpáistí lag-intinneach agus mí-chumasach meabhrach i gceantar Chois Fharraige faoi Cháisc na bliana 1988. Siad seo a leanas an coiste a toghadh:

Cathaoirleach: Antoine Ó Loinsigh
 Rúnaí: Caitlín Nic an Ultaigh
 Cisteoirí: Mattie Ó Fátharta
 Caitlín Uí Chonghaile
 Baill den Choiste: Máire Uí Shrutháin
 Máire Ní Churraidhín
 Máirtín Jamsie Ó Flatharta
 Peadar Ó Fátharta

Bunaíodh Craobh Chois Fharraige le tacaíocht a thabhairt don Choiste Réigiúnach a thugann cabhair

agus colas do pháistí agus do na tuismitheoirí atá ag iarraidh an chabhair sin.

D'eagraigh Craobh Chois Fharraige oícheanta ceoil i rith na bliana seo caite - Tigh Chuláin, Coill Rua agus Tigh Terry, Ros a'Mhíl. Bailíodh £1,200 agus tugadh é seo do Dan Quaid, Oifigeach Chaidreamh Poiblí an Chraobh Réigiúnach. Thug an Craobh áitiúil cúnamh i mbailiú síntiús ó chuile theach sa gceantar a reachtáiltear gach bliain. Bailíodh £680 ar an mbealach seo.

Glacann an Coiste áitiúil buíochas ó chroí le chuile dhuine a thug tacaíocht agus cúnamh dúinn i rith na bliana.

Antoine Ó Loinsigh



Leads bheaga atá anois ina leads mhóra.
 Tógtha taobh amuigh den Ghairmscoil in Indreabhán.

An Scéim Fostaíochta Sóisialta

Níl a fhios agam ar casadh síos ar an Áill Fhinn le gairid thú. Ní go dtí an reilig is mó atá deifir ar aon duine ach, ar ndóigh, olc maith linn é, caithfidh chuile dhuine cuairt a thabhairt ar an ngarraí sin, más de shiúl a chos nó in aghaidh a chos é.

Níl aon bhóthar sa bparóiste is mó a bhfuil buladh ar ná ar bhóthar na reilige agus nuair a bhíodh sochraide mhór ann bhíodh sé ina bhrú brú sa gcárnán ag carranaí ag iarraidh a' dhul thar a chéile.

Bhuel, tá slacht bhreá curtha anois air ag na lads atá ag obair ar an Scéim Fostaíochta. Tá na sclaigeanna a bhí chaon taobh an bhóthair líonta agus brat breá gainimh curtha ar an mbóthar isteach sa reilig fhéin. Bhailigh siad as an carnán clocha a bhí taobh istigh den gheata agus chuile chineál dramhaíl eile dhá raibh timpeall na háite. B'fhiú ómós mairbh an cheantair seo. Níor sparáil siad a gceithre cnámh le linn an tsaoil agus d'fhág siad ceantar álainn mar uachta againne. Sé an rud is lú dhúinn an garraí a bhfuil a gcnámh sínte ann a choinneáil pointeáilte.

Tá tús maith déanta ag lucht na scéime agus má bhreathnaíonn chuile dhuine amach de uaigh a mhuintire beidh údar broid againn mar pharóiste.

Siad na lads céanna a fheiceann sibh ag obair ar an sean-scoil. Tá slacht le tabhairt faoi ndeara cheana

féin, sconsa breá cloch á áththógail le bóthar agus balla na sean-scoile á ghlanadh anuas. Sin é an déanamh ar a lads, é dhéanamh sibh fhéin. Bhí an sean-scoil céanna sách fada ina hábhar náire ar shúil an bhóthair agus ach oiread le háit, á dtoigfeadh caint í is fadó a bheadh díon uirthi. Tá na lads seo ag obair leo de réir a láimhe gan gleo gan torann. ach tá slacht le feiceáil ar an gceantar de bharr a gcuid oibre. Is scéim den chineál céanna a rinne an obair mhór bhreá timpeall ar pháirc peile Mhichíl Breathnaigh le cúpla bliain anuas. Tá corr dhuine ann, ar ndóigh, a bhreathnaíonn go droch-mheasúil ar scéim den chineál seo ach beidh lorg láimhe na bhfear atá ag obair ar an scéim ina chuid suntais sa bparóiste nuair nach mbeidh lorg na láimhe den chuid is mó againn fanta.

Má bhíonn do bhealach thar an tsean-scoil nó thar aon áit á bhfuil siad ag obair, cuir bail ó Dhia orthu agus treaslaigh a saothar leo ach ar chraiceann do chlúaise ná bí ag frithmhagadh faoi an obair mar deirtear an té a bhíonn ag magadh bíonn a leath faoi fhéin.

Is iad an Comharchumann agus na coistí áitiúla a eagraíonn na scéimeanna go háitiúil agus tá fíorchúnamh le fáil ó Údarás na Gaeltachta agus ón eagraíocht FÁS.

Joe Steve



Breá, láidir, scafánta.
 Pictiúr a tógadh i gceantar an Tí Mhoir scath maith blianta ó shoin.



Filí agus ceoltóirí na hAlban i dteannta Bhriain Uí Bhaoill ag Árd Oifig an Údaráis le linn dóibh a bheith ag tabhairt cuairt ar Chois Fharraige dhá bhliain ó shin.

NEANSAÍ

Salún Gruaige & Maisiúcháin

Oscailte Máirt — Céad. 10-6
Déar. — Aoine 10-8
Sath. 10-6

Polladh Cluais
Fón 091-93226

*Más saoire sa nGaeltacht
atá uait, caith iad i*

Tithe Saoire an Spidéil

Fón 01-571439

DF

Déantúsaíocht Chois Fharraige Teo.

Cré Dhubh, An Spidéal

Gach saghas obair adhmaadóireachta

Fón 83298

*Gach deá ghuí do
Biseach
ó*

**Cumann Peile Micheál
Breathnach**